

ÚBE/GL/2022/14

20 Deireadh Fómhair 2022

Treoirlínte arna n-eisiúint ar bhonn Airteagal 84 (6) de Threoir 2013/36/AE

ina sonraítear critéir chun na rioscaí a eascraíonn as athruithe féideartha ar rátaí úis a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú agus measúnú agus faireachán a dhéanamh ar riosca raoin difríochta creidmheasa, gníomhaíochtaí leabhair neamhthrádála institiúidí

Giorrúcháin

ALCO	coiste bainistíochta sócmhainní agus dliteanas
ALM	bainistíocht sócmhainní agus dliteanas
BCBS	Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht
BSG	Grúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta
CET1	Gnáthchothromas Leibhéal 1
CRD	An Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil (Treoir 2013/36/AE)
CRR	An Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (Rialachán (AE) Uimh. 575/2013)
CSRBB	riosca raoin difríochta creidmheasa ag eascairt as an leabhar baincéireachta (dá dtagraítear dó mar riosca raoin difríochta creidmheasa ag eascairt as gníomhaíochtaí leabhair neamhtrádála in CRD)
EaR	tuilleamh faoi riosca
EV	luach eacnamaíoch
EVaR	luach eacnamaíoch faoi riosca
EVE	luach eacnamaíoch cothromais
FVOCI	cóirluach trí ioncam cuimsitheach eile
ICAAP	Próiseas Inmheánach Measúnaithe ar Leordhóthanacht Caipitil
IFRS 9	Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 9 – Ionstraimí airgeadais
IMS	córas tomhais inmheánach
IR	ráta úis
IRRBB	riosca raoin difríochta creidmheasa ag eascairt as an leabhar baincéireachta (dá dtagraítear dó mar riosca an ráta úis ag eascairt as gníomhaíochtaí leabhair neamhtrádála in CRD)
MIS	córas faisnéis bainistíochta
NII	glanioncam úis
NMD	taisce neamhaibíochta
NPE	neamhchosaint neamhthuillmheach
P&L	brabús agus cailteanas
QIS	staidéar tionchair cainníochtúil
Rialachán Tarmligthe LCR	Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún
SREP	próiseas athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta

TF

teicneolaíocht faisnéise

ÚBE

An tÚdarás Baincéireachta Eorpach

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dTreoirínte seo

1. Tá Treoirínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhua Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.¹ De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na Treoirínte a chomhlíonadh.
2. Sna treoirínte, sonraítear tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údarás inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, a bhfuil feidhm ag Treoirínte ina leith, iad a chomhlíonadh trí iad a ionchorprú ina gcleachtais mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil na Treoirínte dírithe go príomha ar institiúidí.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil na Treoirínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe acu na Treoirínte a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoi 02.05.2023. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údarás inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2022/14' a úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar agus raon feidhme

5. Sonraítear sna Treoirlínte seo, de réir mhír 6 d'Airteagal 84 de Threoir 2013/36/AE:
- (a) An critéir d'institiúidí chun IRRBB a shainnint, a bhainistiú agus a mhaolú má chuireann siad córais inmheánacha chun feidhme nó má úsáideann siad an mhodheolaíocht chaighdeánaithe nó an mhodheolaíocht chaighdeánaithe shimplithe chun meastóireacht a dhéanamh ar IRRBB.
 - (b) An critéir le haghaidh na meastóireachta – tomhas IRRBB má chuireann institiúid córais inmheánacha chun feidhme lena aghaidh.
 - (c) Na critéir le haghaidh measúnaithe agus faireacháin atá á ndéanamh ag córais inmheánacha institiúidí ar CSRBB.
 - (d) Na critéir chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na córais inmheánacha IRRBB atá curtha chun feidhme ag institiúidí nach bhfuil sásúil chun críocha mhír 3 d'Airteagal 84 de Threoir 2013/36/AE.

Seolaithe

6. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údarais inniúla dá dtagraítear dóibh i bpointe (i) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus ar institiúidí airgeadais dá dtagraítear dóibh in Airteagal 4(1) den rialachán sin ar institiúidí iad freisin de réir phointe 3 d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Sainmhíthe

7. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2013/36/AE² agus i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013³ sna Treoirlínte. Ina theannta sin, chun críocha na dTreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhíthe seo a leanas:

² Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (1) - IO L 176, 27.6.2013.

³ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 – IO L 176, 27.6.2013.

Riosca an ráta úis ag eascairt as gníomhaíochtaí leabhair neamhthrádála	An riosca reatha agus ionchasach a bheith ag tionchar diúltach ar luach eacnamaíoch cothromais na hinstitiúide nó ar glanioncam úis na hinstitiúide, ag cur athruithe ar mhargadhluach san áireamh de réir mar is iomchuí, athruithe a eascraíonn as gluaiseachtaí díobhálacha ar rátaí úis a bhfuil tionchar acu le ionstraimí atá íogair faoi réir ráta úis, lena n-áirítear riosca bearna, riosca boinn agus riosca roghanna.
Ionstraimí atá íogair faoi réir ráta úis	Sócmhainní, dliteanais agus míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe sa leabhar neamhthrádála, atá íogair d'athruithe ar an ráta úis (seachas sócmhainní asbhainte ó chaipiteal CET1 – e.g., eastát réadach nó sócmhainní doláimhsithe nó neamhchosaint ar chothromas sa leabhar neamhthrádála).
Ionstraimí atá íogair do raon difríochta creidmheasa	Sócmhainní, dliteanais agus míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe sa leabhar neamhthrádála, atá íogair d'athruithe ar an raon difríochta creidmheasa (seachas sócmhainní asbhainte ó chaipiteal CET1 – e.g., eastát réadach nó sócmhainní doláimhsithe nó neamhchosaint ar chothromas sa leabhar neamhthrádála).
Riosca bearna	Riosca a eascraíonn as struchtúr téarma ionstraimí atá íogair do ráta úis a eascraíonn as difríochtaí in uainiú na n-athruithe rátaí, lena gcumhdaítear athruithe ar struchtúr téarma na rátaí úis a tharlaíonn go comhsheasmhach trasna an chuir toraidh (riosca comhthreomhar) nó go difreálach de réir tréimhse (riosca neamh-chomhthreomhar).
Riosca boinn	Riosca a eascraíonn as tionchar na n-athruithe coibhneasta ar rátaí úis ar ionstraimí atá íogair do ráta úis a bhfuil éirim chosúil acu ach a phraghsáiltear trí úsáid a bhaint as innéacsanna difriúla ráta úis. Eascraíonn an riosca boinn as an gcomhghaol neamhfhoirfe i gcoigeartú na rátaí a thuilltear agus a íoctar ar ionstraimí difriúla atá íogair do rátaí úis a bhfuil saintréithe cosúla acu seachas sin.
Riosca roghanna	Riosca a eascraíonn as roghanna (leabaithe agus sainráite), trínar féidir leis an institiúid nó a custaiméir leibhéal agus uainiú a sreafaí airgid a athrú, eadhon an riosca a eascraíonn as ionstraimí atá íogair do rátaí úis sa chás gur cinnte go bhfeidhmeoidh an sealbhóir an rogha más rud é gur chun a leasa airgeadais é sin a

	<p>dhéanamh (roghanna leabaithe nó sainráite uathoibríocha) agus an riosca a eascraíonn as solúbthacht atá leabaithe go hintuigthe nó laistigh de théarmaí ionstraimí atá íogair do rátaí úis, sa chaoi is go bhféadfadh athruithe ar rátaí úis a bheith mar bhonn le hathrú ar mhodh iompair an chliant (riosca roghanna na hionpraíochta leabaithe).</p>
<p>Riosca raoin difríochta creidmheasa ó ghníomhaíochtaí an leabhair neamhtrádála (CSRBB)</p>	<p>Riosca atá á spreagadh ag athruithe ar an margadhphraghas le haghaidh riosca creidmheasa, leachtachta agus saintréithe eile d'ionstraimí lena mbaineann riosca creidmheasa b'fhéidir, nach bhfuil curtha san áireamh i gcreat stuamachta eile atá bunaithe cheana féin cosúil le IRRBB nó riosca creidmheasa a bhfuiltear súil leis/riosca mainneachtana (gan choinne).</p> <p>Cuireann CSRBB an riosca a bhaineann le raon difríochta athraitheach ionstraime san áireamh fad is a ghactar leis go bhfuil an leibhéal céanna acmhainneachta creidmheasa i gceist, i.e. conas atá an raon difríochta creidmheasa ag gluaiseacht laistigh de rátáil chreidmheasa/raon dóchúlachta creidmheasa áirithe.</p>
<p>Bearta a bhaineann le glanioncam úis</p>	<p>Bearta a bhaineann le hathruithe ar bhrabúsacht todhchaí ionchasach laistigh de thréimhse ama atá sonraithe ag eascairt as gluaiseachtaí ar an ráta úis, i gcás IRRBB nó ó athruithe ar an raon difríochta creidmheasa, i gcás CSRBB. Cuimsítear ann ioncam úis agus costais úis.</p>
<p>Bearta a bhaineann le glanioncam úis móide athruithe ar mhargadhluach</p>	<p>Bearta a bhaineann le glanioncam úis i ndiaidh cuntas a dhéanamh d'athruithe ar mhargadhluach ionstraimí/iad a chur san áireamh ag brath ar an gcur chuige cuntasáochta trí bhearta cóirluacha nó nGAAP.</p>
<p>Bearta a bhaineann le luach eacnamaíoch (EV)</p>	<p>Bearta a bhaineann le hathruithe ar ghlanluach láithreach ionstraimí atá íogair do ráta úis thar an gcuid dá ré atá fágtha ag eascairt as gluaiseachtaí ar ráta úis, i gcás IRRBB; nó athruithe ar ghlanluach reatha ionstraimí atá íogair d'athruithe ar an raon difríochta creidmheasa thar an gcuid dá ré atá fágtha ag eascairt as gluaiseacht ar raon difríochta creidmheasa, i gcás CSRBB. Léirítear i mbearta EV athruithe ar luach thar an gcuid de ré na n-ionstraimí atá íogair do ráta úis atá fágtha, i gcás IRRBB, nó raon difríochta creidmheasa na</p>

	n-ionstraimí atá íogair do riosca raoin difríochta creidmheasa, i gcás CSRBB – i.e., go dtí go mbíonn cailteanas luaite leis an suíomhanna ar fad.
Beartha a bhaineann le luach eacnamaíoch cothromais (EVE)	Foirm shonrach de bheart EV ina n-eisiatar cothromas ó shreafaí airgid.
Modh an tsreabhaidh airgid choinníollaigh	Modh sreabhaidh airgid bunaithe ar an toimhde go mbraitheann uainiú nó méid sreafaí airgid ar an gcás sonrach a bhaineann le ráta úis.
Modh an tsreabhaidh airgid neamhchoinníollaigh	Modh sreabhaidh airgid bunaithe ar an toimhde go bhfuil uainiú nó méid sreafaí airgid neamhspleách ar an gcás sonrach a bhaineann le ráta úis.
Clár comhardaithe cailteanais	Clár comhardaithe ina gcuimsítear míreanna laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe sa chás go n-amúchtar suíomhanna reatha ar an leabhar neamhtrádála agus nach mbunaítear aon ghnó nua ina n-áit.
Clár comhardaithe dinimiciúil	Clár comhardaithe ina gcuimsítear míreanna laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus ionchais ghnó don todhchaí, coigeartaithe don chás ábhartha ar bhealach comhsheasmhach.
Clár comhardaithe tairiseach	Clár comhardaithe ina gcuimsítear míreanna laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ina bhfuil an méid agus comhdhéanamh iomlán á gcothabháil trí shreafaí airgid aibíochta nó athphraghsála a ionadú le sreafaí airgid nua a bhfuil gnéithe inchomparáide luaite leo chomh fada is a bhaineann le méid, tréimhse athphraghsála agus comhpháirteanna an raoin difríochta.
Miondíol	Duine nádúrtha nó FBM, sa chás go mbeadh an FBM incháilithe d'aicme na neamhchosanta ar riosca faoi na cuir chuige Chaighdeánaithe nó IRB le haghaidh riosca creidmheasa nó cuideachta atá incháilithe don chur chuige atá sonraithe in Airteagal 153(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus sa chás nach sáraíonn taiscí comhiomlána an FBM nó cuideachta EUR 1 mhilliún ar bhonn grúpa.
Taisce agus cuntais idirbheartaíochta	Is éard atá i gceist le taiscí idirbheartaíochta agus cuntais idirbheartaíochta na taiscí neamhaibíochta miondíola sin ina gcuirtear idirbhearta rialta i gcrích (e.g., sa chás go bhfuil tuarastail á gcreidiúnú go rialta) nó na taiscí neamhaibíochta miondíola sin atá

neamhúsmhar fiú amháin i dtimpeallacht ardráta úis.

Is féidir glacadh leis go bhfuil taiscí miondíola eile á sealbhú i gcuntas neamh-idirbheartaíochta.

Beartha IRRBB

Beartha a bhaineann le Luach Eacnamaíoch (EV) agus bearta a bhaineann le Glanioncam úis móide athruithe margadhluacha, curtha i bhfeidhm i gcomhthéacs na hógairachta d'athruithe ar na rátaí úis.

Beartha CSRBB

Beartha a bhaineann le Luach Eacnamaíoch (EV) agus bearta a bhaineann le Glanioncam úis móide athruithe margadhluacha, curtha i bhfeidhm i gcomhthéacs na hógairachta d'athruithe ar chreidmheas margaidh/raonta difríochta leachtachta.

3. Cur chun feidhme

An dáta cur i bhfeidhm

8. Tá feidhm leis an Treoirínite seo ar an 30 Meitheamh 2023 ach glactar le rannóg 4.5 agus rannóg 4.6 mar eisceachtaí a bhfuil feidhm leo ar an 31 Nollaig 2023.

Aisghairm

9. Aisghairtear na Treoirínite maidir le bainistiú riosca an ráta úis a eascraíonn as gníomháióchtaí an leabhair neamhthrádála (EBA/GL/2018/02)⁴ le héifeacht ó dháta chur i bhfeidhm na dtreoirínite seo.

⁴ Féach anseo.

4. Treoirínte maidir le bainistiú riosca an ráta úis agus an measúnú agus faireachán ar an riosca raoin difríochta creidmheasa ag eascairt as gníomhaíochtaí an leabhair neamhthrádála

4.1 Forálacha ginearálta

4.1.1 IRRBB agus CSRBB

(i) IRRBB

10. Ba cheart d'institiúidí glacadh le IRRBB mar riosca tábhachtach agus é a mheas ar bhonn aonair, go sainráite agus go cuimsitheach i gcónaí mar chuid dá bpróisis bainistíochta riosca agus dá bpróisis chun measúnú inmheánach a dhéanamh ar chaipiteal.

11. Ba cheart d'institiúidí a gcuid neamhchosaintí ar IRRBB a shainaithint agus a áirithiú go bhfuil siad á dtomhas, á bhfaire agus á rialú go leordhóthanach. Ba cheart d'institiúidí rioscaí a bhainistiú atá ag eascairt as a neamhchosaintí ar IRRBB agus más gá, rioscaí a mhaolú a bhfuil tionchar acu ar a luach eacnamaíoch agus bearta a bhaineann le glanioncam úis móide athruithe ar mhargadhluach.

(ii) CSRBB

12. Ba cheart d'institiúidí CSRBB a mheas agus faireachán a dhéanamh air go sainráite agus go cuimsitheach mar chuid dá bpróisis bainistíochta riosca agus dá bpróisis chun measúnú inmheánach a dhéanamh ar chaipiteal.

13. Ba cheart d'institiúidí a neamhchosaintí ar CSRBB a shainaithint agus a áirithiú go bhfuil siad á meas, á bhfaire agus á rialú go cuí faoi bhearta a bhaineann le luach eacnamaíoch agus glanioncam úis móide athruithe ar mhargadhluach.

(iii) Bearta a bhaineann le glanioncam úis móide athruithe ar mhargadhluach

14. Chun críocha na dTreoirínte seo, ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an nglanioncam úis atá le húsáid chun tionchar na ngluaiseachtaí ar ráta úis nó raon difríochta creidmheas a ríomh bunaithe ar an ioncam úis agus ar na costais. Chun na gcríoch sin, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh freisin ar athruithe margadhluacha ionstraimí — ag brath ar an gcur

chuige cuntasáíochta (cóirluach/nGAAP) — arna dtaispeáint sa chuntas brabúis nó cailiteanais nó go díreach i gcothromas (e.g., trí ioncam cuimsitheach eile). Ba cheart d'institiúidí cuntas a dhéanamh den mhéadú nó laghdú ar an méid brabúis agus cailiteanas agus caipitil thar thréimhsí gearrthéarmacha agus meántéarmacha ag eascairt as gluaiseachtaí ar an ráta úis nó raoin difríochta creidmheasa.

15. Ba cheart glacadh leis gurb ionann an t-athrú ar an nglanioncam úis agus an difríocht idir an nglanioncam úis ionchais i gcás turrainge nó struis ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus an ghlanioncaim úis ionchais i gcás bunúsach.⁵ Ba cheart glacadh leis an athrú ar mhargadhluach ionstraimí (cóirluach/nGAAP) mar an difríocht idir an margadhluach ionchais i gcás turrainge nó struis ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus an mhargadhluacha ionchais i gcás bunúsach ag deireadh na tréimhse ama measta.

4.1.2 Gnéithe eile, comhréireacht

16. Nuair a bhíonn na Treoirlínte á gcur chun feidhme, ba cheart d'institiúidí a neamhchosaintí reatha agus ionchais ar IRRBB agus CSRBB a shainaithint ar bhealach comhréireach, ag brath ar an leibhéal, castacht agus riosca a bhaineann lena suíomhanna leabhar neamhthrádála, ag cur a samhail ghnó, straitéisí agus an timpeallacht ghnó ina bhfuil siad ag feidhmiú nó a bhfuil sé beartaithe acu a bheith ag feidhmiú inti a chur san áireamh.
17. Bunaithe ar an measúnú ar a neamhchosaint reatha agus ionchais ar IRRBB agus CSRBB, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar na gnéithe agus ionchais atá sonraithe i rannóg 4.1 de na Treoirlínte agus sna rannóga a bhaineann le sainaithint caipitil, ríomh agus leithdháileadh chun críocha IRRBB (rannóg 4.2.2), straitéis rialachais IRRBB agus CSRBB (rannóg 4.2.3 agus rannóg 4.5.2), IRRBB a bheith á thomhas ag IMS (rannóg 4.3.) agus faireachán ar CSRBB (rannóg 4.6) agus iad a chur chun feidhme ar bhealach atá comhréireach le neamhchosaintí reatha agus ionchais do IRRBB agus CSRBB.
18. Le cois na neamhchosanta reatha agus ionchais ar IRRBB agus CSRBB, nuair a bhíonn na Treoirlínte á gcur chun feidhme, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh freisin ar leibhéal ginearálta castachta agus cuir chuige inmheánacha maidir le bainistíocht riosca agus a áirithiú go bhfuil a gcuir chuige, próisis agus córais chun IRRBB agus CSRBB a bhainistiú ag teacht lena gcur chuige ginearálta maidir le bainistíocht riosca agus lena gcuir chuige, próisis agus córais shonracha atá curtha chun feidhme chun críche rioscaí eile a bhainistiú.

⁵ Bunaithe ar EVE, ba cheart glacadh leis an athrú ar luach eacnamaíoch cothromais mar an difríocht idir luach eacnamaíoch cothromais ionchais i gcás turrainge nó struis agus luach eacnamaíoch cothromais ionchais i gcás bunúsach.

4.2 Sainaithint agus bainistiú IRRBB

4.2.1 Teorainn IRRBB

19. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar gach ionstraim atá íogair do ráta úis sa leabhar baincÉireachta i gcomhthéacs mheasúnú agus bhainistiú neamhchosaintí ar IRRBB, lena n-áirítear sócmhainní, dliteanais, díorthaigh ráta úis, díorthaigh ráta neamh-úis a thagraíonn do ráta úis agus míreanna eile lasmuigh den chlár comhardaithe (cosúil le gealltanais iasachta).
20. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha⁶ (glan ó sholáthairtí) mar ionstraimí atá íogair do ráta úis ina léirítear sreafaí airgid ionchais agus a n-uainiú.
21. Gan dochar do mhír 10, cuirfear san áireamh gnóthaí beaga a bhaineann leis an leabhar trádála, arna míniú i mír 1 d'Airteagal 94 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mura bhfuil an riosca a bhaineann lena ráta úis curtha san áireamh i mbeart riosca eile.

4.2.2 Sainaithint, ríomh agus leithdháileadh caipitil chun críche IRRBB

22. Nuair a bhíonn meastóireacht á déanamh ar mhéideanna, cineálacha agus dáileadh caipiteal inmheánach de bhua Airteagal 73 de Threoir 2013/36/AE, ba cheart d'institiúidí an méid a chuireann IRRBB leis an measúnú caipitil inmheánach foriomlán ar aschuir chórais tomhas inmheánach na hinstiúide a chur san áireamh, agus cuntas a dhéanamh de phríomhthoimhdí agus teorainneacha riosca. Ba cheart go mbeadh an leibhéal foriomlán caipitil i gcomhréir le leibhéal riosca iarmhír tomhaiste na hinstiúide (lena n-áirítear le haghaidh IRRBB) agus a inghlacthacht riosca, agus ba cheart é a dhoiciméadú go cuí ina thuarascáil maidir leis an bPróiseas Inmheánach Measúnaithe ar Leordhóthanacht Caipitil (tuarascáil ICAAP).
23. Ba cheart d'institiúidí a léiriú go bhfuil a gcaipiteal inmheánach i gcomhréir leis an leibhéal IRRBB, ag cur an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe féideartha ar chaipiteal inmheánach ar luach eacnamaíoch na hinstiúide san áireamh agus beartas a bhaineann le glanioncam úis amach anseo móide athruithe ar mhargadhluach mar thoradh ar athruithe ar rátaí úis. Ba cheart d'institiúidí meastóireacht a dhéanamh ar bhearta riosca IRRBB le linn dóibh cinneadh a dhéanamh maidir le caipiteal inmheánach agus a chur san áireamh go gcuireann bearta IRRBB an riosca san áireamh ar bhealach comhlántach (e.g., breithniú a dhéanamh ar IRRBB bunaithe ar thréimhse ama difriúil). Níltear ag súil go ndéanfaidh institiúidí áireamh dúbailte ar a gcaipiteal inmheánach le haghaidh EV agus beart a bhaineann le glanioncam úis móide athruithe margadhluacha, ach ba cheart go mbreithneofaí sa mhodheolaíocht ar leithdháileadh inmheánach caipitil na bearta a bhaineann le riosca IRRBB agus measúnú sainráite a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar chaipiteal inmheánach.
24. Ina n-anailís ICAAP ar an méid caipitil inmheánaigh a theastaíonn le haghaidh IRRBB, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

⁶ Neamhchosaintí neamhthuillmheacha arna míniú in Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 680/2014.

- (a) caipiteal inmheánach atá á shealbhú le haghaidh rioscaí do luach eacnamaíoch a d'fhéadfadh eascairt as gluaiseachtaí díobhálacha ar rátaí úis; agus
- (b) riachtanais chaipitil inmheánaigh a eascraíonn as tionchar na n-athruithe ráta ar ghlanioncam úis todhchaí móide athruithe ar acmhainn margadhluacha, agus na himpleachtaí a bheidh ag a leithéid ar leibhéal maolán caipitil inmheánacha.

25. Níor cheart go mbeadh institiúidí ag brath díreach ar na measúnuithe maoirseachta ar leordhóthanacht caipitil le haghaidh IRRBB nó ar thoradh na tástála asluití maoirseachta, ba cheart dóibh a gcuid modheolaíochtaí féin le haghaidh leithdháileadh caipitil a fhorbairt agus a úsáid, bunaithe ar a n-inghlacthacht riosca, leibhéal riosca agus beartais bainistíochta riosca. Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le leibhéal oiriúnach caipitil, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar mhéid agus ar chaighdeán an chaipitil atá riachtanach.

26. Ba cheart go n-áireofaí an méid seo a leanas i measúnuithe ar leordhóthanacht caipitil do IRRBB:

- (a) méid agus éirim na dteorainneacha inmheánacha ar neamhchosaintí IRRBB, agus cibé acu an sroichtear nó nach sroichtear na teorainneacha seo nuair a dhéantar an caipiteal a ríomh;
- (b) an costas a bhfuiltear ag súil leis a bhainfidh le fálú suíomhanna oscailte a bhfuil sé beartaithe acu tairbhe a bhaint as ionchais inmheánacha maidir le leibhéal rátaí úis na todhchaí;
- (c) íogaireacht bhearta inmheánacha IRRBB do phríomhthoimhdí samhaltaithe nó do thoimhdí neamhfhoirfe samhaltaithe;
- (d) tionchar na gcásanna turrainge agus struis ar shuíomhanna a praghsáladh trí úsáid a bhaint as innéacsanna difriúla ráta úis (riosca boinn);
- (e) an tionchar ar luach eacnamaíoch agus glanioncam úis móide athruithe margadhluacha a bhaineann le suíomhanna neamhréireacha in airgeadraí difriúla;
- (f) tionchar na gcaillteanas leabaithe agus na ngnóthachan leabaithe;
- (g) dáileadh an chaipitil i gcoibhneas le rioscaí sna heintitis dhlíthiúla curtha san áireamh i dtéorainn stuamachta comhdhlúite an ghrúpa, le cois leordhóthanacht an chaipitil fhoriomlán ar bhonn comhdhlúite;
- (h) tionscnóirí an riosca bhunúsaigh; agus
- (i) na himthosca ina bhféadfadh an riosca teacht chun cinn.

27. Ba cheart torthaí leordhóthanacht chaipitil do IRRBB a bhreithniú in ICAAP institiúide agus go mbeidís á gcur san áireamh sna measúnuithe ar chaipiteal a bhaineann le línte gnó.

28. Chun an méid caipitil inmheánaigh atá le sealbhú le haghaidh IRRBB a chalabhrú, ba cheart d'institiúidí úsáid a bhaint as córais tomhais agus raon cásanna turrainge agus struis ráta úis, atá curtha in oiriúint do phróifíl riosca na hinstiúide chun scála poitéinsiúil aon éifeachtaí IRRBB faoi choinníollacha díobhálacha a chainníochtú.
29. Ba cheart d'institiúidí a bhfuil samhlacha caipitil inmheánacha in úsáid acu a áirithiú go bhfuil an leithdháileadh caipitil inmheánaigh le haghaidh IRRBB curtha san áireamh go cuí sa leithdháileadh caipitil inmheánaigh fhoriomláin agus go bhfuil aon toimhdí a bhaineann le héagsúlú doiciméadaithe agus go bhfuil a n-iontaofacht agus cobhsaíocht fíoraithe trí shonraí stairiúla a úsáid más cuí le haghaidh na hinstiúide aonair agus na margáí ina bhfuil sí ag feidhmiú. Féadfar costais chaipitil inmheánacha a leithdháileadh ar ais ar na haonaid ghnó agus táirgí d'fhonn a áirithiú go dtuigeann na daoine atá freagrach as iad a bhainistiú, costais iomlána na n-aonad gnó nó táirgí bunúsacha.
30. Nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart caipiteal inmheánach a leithdháileadh i ndáil le IRRBB chuig beartas a bhaineann le glanioncam úis móide athruithe margadhluacha, ba cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a chur san áireamh:
- (a) Tábhacht choibhneasta an ghlanioncainm úis i ndáil leis an nglanioncam iomlán, agus dá réir sin, tionchar na n-athruithe suntasach ar ghlanioncam úis ó bhliain go bliain;
 - (b) Na leibhéil iarbhír de ghlanioncam úis indéanta faoi chásanna difriúla (i.e., a mhéid is atá corrlaigh sách leathan chun déileáil leis an luaineacht a eascraíonn as suíomhanna ráta úis agus athruithe ar chostas dliteanas);
 - (c) An fhéidearthacht go bhféadfaí cailteanais iarbhír a thabhtú faoi dhálaí anáis nó mar thoradh ar athruithe ciantréimhseacha sa timpeallacht mhargaidh – e.g., sa chás go mb'fhéidir go mbeadh sé riachtanach suíomhanna a leachtú atá beartaithe a úsáid mar infheistíocht fhadtéarmach chun bearta a bhaineann le glanioncam úis a chobhsú móide athruithe margadhluacha;
 - (d) Tábhacht choibhneasta ionstraimí atá íogair do ráta úis (lena n-áirítear díorthaigh ráta úis) sa leabhar neamhtrádála, agus éifeachtaí poitéinsiúla a léiriú sa chuntas brabúis agus cailteanais nó go díreach i gcothromas (e.g., trí ioncam cuimsitheach eile); agus
 - (e) Luaineacht na mbeart a bhaineann le glanioncam úis móide athruithe margadhluacha, láidreacht agus cobhsaíocht na mbeart a bhaineann le glanioncam úis móide sruthanna athruithe margadhluacha agus an leibhéal ioncainm a theastaíonn chun gnáthoibríochtaí gnó a chruthú agus a leanúint ar aghaidh leo. Ba cheart d'institiúidí le leibhéal ard IRRBB a d'fhéadfadh, faoi raon cásanna margaidh inchreidte, a bheith mar bhonn le cailteanais, srian a chur le gnáthdháileadh díbhinní nó laghdú ar oibríochtaí gnó, a áirithiú go bhfuil dóthain caipitil acu chun déileáil le tionchar díobhálach na gcásanna seo.
31. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar an maolán caipitil inmheánaigh a choigeartú sa chás go dtarraingítear aird ina dtástálacha struis ar an bpoitéinseal a bhaineann le bearta

laghdaithe maidir le glanioncam úis móide athruithe margadhluacha (agus acmhainn ghiniúna caipitil laghdaithe dá réir sin) i gcásanna struis.

4.2.3 Straitéis Rialachais IRRBB

32. Ba cheart straitéis IRRBB na hinstitiúide, lena n-áirítear an inghlacthacht riosca le haghaidh maolú IRRBB agus IRRBB, a áireamh sa straitéis fhoriomlán, go háirithe na cuspóirí straitéiseacha agus na cuspóirí riosca, nach mór don chomhlacht bainistíochta iad a fhorghas mar atá sonraithe i bhfomhír (2), litir (a) d'Airteagal 88(1) de Threoir 2013/36/AE.
33. Ba cheart inghlacthacht riosca na hinstitiúide do IRRBB a léiriú i dtéarmaí bunaithe ar thionchar inghlactha na rátaí úis luaineacha ar bhearta IRRBB. Ba cheart d'institiúidí atá ag déileáil le neamhchosaintí suntasacha ar riosca bearna, riosca boinn nó riosca roghanna cinneadh a dhéanamh maidir lena n-inghlacthacht riosca i ndáil le gach ceann de na fochineálacha ábhartha de IRRBB.
34. Chomh maith leis sin, ba cheart go n-áireofaí i straitéis fhoriomlán IRRBB an cinneadh maidir leis an méid a bhfuil an tsamhail ghnó ag brath ar ghlanioncam úis a ghiniúint trí 'an cuar toraidh' – i.e., sócmhainní maoinithe a bhfuil tréimhse athphraghsála réasúnta fada luaite leo le dliteanas a bhfuil tréimhse athphraghsála réasúnta gearr luaite leo. Sa chás go mbraitheann an tsamhail ghnó ar fhoinsé an ghlanioncaim úis seo, ba cheart don chomhlacht bainistíochta a straitéis IRRBB a mhíniú agus conas atá sé beartaithe aige déileáil le tréimhsí nuair a bhíonn an cuar toraidh cothrom nó inbhéartach.
35. Ba cheart d'institiúidí measúnú cuí a dhéanamh ar thograí chun táirgí nua a úsáid nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nua, straitéisí glactha rioscaí nó fálaíthe, roimh éadail nó cur chun feidhme d'fhonn a áirithiú go bhfuil na hacmhainní a theastaíonn chun bainistíocht fhónta agus éifeachtach IRRBB an táirge nó na gníomhaíochta sainaitheanta, go bhfuil na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag teacht le hinghlacthacht riosca fhoriomláin na hinstitiúide agus go bhfuil nósanna imeachta chun an táirge nó gníomhaíocht atá beartaithe a shainaithint, a thomhas, a fhaire agus a rialú bunaithe. Ba cheart a áirithiú go bhfuil tuiscint mhaith ag daoine ar shaintréithe IRRBB na dtáirgí agus na ngníomhaíochtaí nua seo.
36. Ba cheart go mbeadh an t-eolas agus an saineolas cuí ag institiúidí a bhfuil ionstraimí díorthaigh in úsáid acu chun neamhchosaintí ar IRRBB a mhaolú. Ba cheart do gach institiúid a léiriú go dtuigeann siad iarmhairtí fálaíthe trí úsáid a bhaint as díorthaigh ráta úis.
37. Ba cheart go mbeadh an t-eolas agus an saineolas riachtanach ag institiúidí a bhfuil samhlacha d'iompar custaiméirí in úsáid acu mar ionchur chun a IRRBB a thomhas. Ba cheart go mbeadh gach institiúid in ann a léiriú go dtuigeann sí iarmhairtí shamhaltú iompair a bhonn custaiméirí.
38. Nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh maidir le gníomhaíochtaí fálaíthe, ba cheart go mbeadh institiúidí airdeallach ar éifeachtaí na mbeartas cuntasáíochta, ach níor cheart go mbeadh a gcuir chuige cuntasáíochta mar bhonn lena gcur chuige bainistíochta riosca.

39. Ba cheart d'institiúidí comhdhlúthacháin a áirithiú go bhfuil socruithe agus próisis rialachais inmheánacha le haghaidh bhainistiú IRRBB comhsheasmhach agus comhtháite ar bhonn comhdhlúite agus fo-chomhdhlúite.

4.2.4 Creat bainistíochta riosca agus freagrachtaí IRRBB

40. I bhfianaise socruithe rialachais inmheánacha de bhua Airteagal 74 agus Airteagal 88 de Threoir 2013/36/AE, ba cheart d'institiúidí, i ndáil le IRRBB, an méid seo a leanas a áirithiú:

- (a) Gur ar a gcomhlacht bainistíochta atá an fhreagracht iomlán as maoirseacht chreat bainistíochta IRRBB, creat inghlacthachta riosca na hinstiúide agus méideanna, cineálacha agus dáileadh an chaipitil inmheánaigh chun na rioscaí a chlúdach go cuí. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta cinneadh a dhéanamh maidir le straitéis fhoriomlán IRRBB na hinstiúide agus na beartais agus na próisis chomhfhreagracha a fhortheas. Féadfaidh an comhlacht bainistíochta, áfach, faireachán agus bainistíochta IRRBB a tharmligean chuig an bhfoireann bhainistíochta shinsearach, saineolaithe aonair nó coiste bainistíochta sócmhainní agus dlíteanas faoi choinníollacha atá sonraithe tuilleadh i mír 42.
- (b) Tá creat bainistíochta IRRBB bunaithe acu ina mbunaítear línte soiléire freagrachtaí agus ina gcuimsítear córas teorainneacha, beartais, próisis agus rialuithe inmheánacha lena n-áirítear athbhreithnithe agus meastóireachtaí neamhspleácha rialta ar éifeachtacht an chreata.
- (c) Tá na socruithe, próisis agus sásraí dá dtagraítear dóibh don mheasúnú ar IRRBB cuimsitheach agus i gcomhréir le cineál, scála agus castacht na rioscaí bunúsacha a bhaineann leis an tsamhail ghnó agus le gníomhaíochtaí na hinstiúide.

41. Ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta freagrach as an méid seo a leanas go háirithe:

- (a) Cineál agus leibhéal na neamhchosanta IRRBB a thuiscint. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil treoir shoiléir ann maidir le hinghlacthacht riosca do IRRBB i ndáil le straitéisí gnó na hinstiúide.
- (b) A áirithiú go ndéantar na gníomhaíochtaí cuí chun IRRBB a shainiú, a thomhas, a fhaire agus a rialú, comhsheasmhach leis na straitéisí agus beartais atá formheasta. Chuige sin, tá an comhlacht bainistíochta nó a thoscairí freagrach as an méid seo a leanas a shonrú:
 - i. teorainneacha cuí maidir le IRRBB, lena n-áirítear nósanna imeachta agus formheasanna sonracha a mhíniú atá riachtanach le haghaidh eisceachtaí, agus a áirithiú go bhfuil na teorainneacha sin á gcomhlíonadh;
 - ii. córais agus caighdeáin chun IRRBB a thomhas, suíomhanna a luacháil agus a feidhmíocht a mheas, lena n-áirítear nósanna imeachta chun turraingí, paraiméadair agus cásanna struis ráta úis a nuashonrú agus príomhthoimhdí bunúsacha atá mar bhonn le hanailís IRRBB na hinstiúide;

- iii. próiseas cuimsitheach chun IRBB a thuairisciú agus a athbhreithniú; agus
 - iv. rialuithe inmheánacha éifeachtacha agus córais faisnéis bainistíochta (MISanna).
- (c) Mórthionscnaimh fálaithe nó glactha rioscaí a fhorfhéas roimh iad a chur chun feidhme. Ba cheart suíomhanna a bhaineann le haistriú riosca inmheánacha idir an leabhar neamhtrádála agus an leabhar trádála a dhoiciméadú go cuí.
- (d) Maoirseacht a dhéanamh ar fhorfhéas, cur chun feidhme agus athbhreithniú bheartais, nósanna imeachta agus teorainneacha bainistíochta IRRBB. Na cheart leibhéal agus athruithe ar neamhchosaint IRRBB na hinstiúide a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta go rialta (gach ráithe ar a laghad).
- (e) Ba cheart a áirithiú go bhfuil bailíochtú mhodhanna tomhais IRRBB agus measúnú an riosca chomhfhreagraigh de bharr samhaltaithe san áireamh i bpróiseas beartais fhoirmiúil ar cheart don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí é a athbhreithniú agus a fhorfhéas.
- (f) Tuiscint agus measúnú ar fheidhmiú a thoscairí i ndáil le faireachán agus rialú IRRBB, comhsheasmhach le beartais atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta, bunaithe ar athbhreithnithe rialta ar fhaisnéis thráthúil atá sách mionsonraithe.
- (g) Impleachtaí straitéisí IRRBB na hinstiúide a thuiscint agus na naisc a d'fhéadfadh a bheith acu le riosca margaidh, leachtachta, creidmheas agus oibriúcháin ach gan a cheangal gur saineolaithe sa réimse iad baill uile an chomhlachta bainistíochta. Ba cheart go mbeadh dóthain eolais theicniúil ag roinnt ball chun tuarascálacha a chuirtear faoi bhráid an chomhlachta bainistíochta a cheistiú agus a ndúshlán a thabhairt. Ba cheart don instiúid a shoiléiriú go bhfuil baill an chomhlachta bainistíochta freagrach as a áirithiú go bhfuil an fhoireann bhainistíochta shinsearach in ann IRRBB a thuiscint agus go bhfuil dóthain acmhainní curtha ar fáil d'fhoireann bhainistíochta IRRBB.
42. Ba cheart go mbeadh socruithe agus nósanna imeachta tarmligin bunaithe ag instiúidí ionas gur féidir leis an gcomhlacht bainistíochta aon chúraimí faireacháin nó bainistíochta IRRBB a tharmligeán, lena n-áirítear, ach níl teoranta do:
- (a) Ba cheart daoine nó coistí a bhfuil cúraimí an chomhlachta bainistíochta tarmligthe dóibh chun beartais agus cleachtais IRRBB a fhorbairt, cosúil leis an bhfoireann bhainistíochta shinsearach, saineolaithe aonair nó ALCO, a shainaithint agus ba cheart go mbeadh a gcuid cuspóirí sonraithe go soiléir ag an gcomhlacht bainistíochta.
 - (b) Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil freagrachtaí á ndeighilt go cuí sa phróiseas bainistíochta riosca le haghaidh IRRBB. Ba cheart go mbeadh freagrachtaí arna míniú go soiléir ag feidhmeanna sainaitheanta, tomhais, faireacháin agus rialaithe IRRBB, ba cheart go mbeidís neamhspleách ar fheidhmeanna glactha rioscaí IRRBB agus ba cheart dóibh neamhchosaintí ar IRRBB a thuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí.

- (c) Ba cheart don institiúid a áirithiú go bhfuil línte soiléire údaráis ag toscairí an chomhlachta bainistíochta i ndáil leis na haonaid atá freagrach as rioscaí maidir le IRRBB a ghlacadh. Ba cheart go mbeadh an cainéal cumarsáide chun treoracha na dtoscairí a chur in iúl do na haonaid líne seo soiléir.
- (d) Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bhunú go gcuireann struchtúr na hinstitiúide ar chumas a thoscairí a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh, agus cinnteoireacht agus rialachas éifeachtach a éascú. Chuige sin, ba cheart do ALCO, nó a chomhionann, bualadh lena chéile go rialta agus ba cheart go mbeadh ionadaithe ó gach roinn mhór atá nasctha le IRRBB páirteach sa phlé. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta tacú le plé maidir le próiseas bainistíochta IRRBB, idir na baill agus toscairí agus idir na toscairí agus daoine eile san institiúid. Chomh maith leis sin, ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go n-éascaíonn cumarsáid rialta idir na réimsí bainistíochta riosca agus planála straitéisí faireachán ar an riosca a eascraíonn as gnó a dhéanfar amach anseo.

4.2.5 Inghlacthacht riosca IRRBB agus teorainneacha beartais

43. Ba cheart d'institiúidí a n-inghlacthacht riosca le haghaidh IRRBB a shoiléiriú i dtéarmaí an riosca do bhearta IRRBB go háirithe:

- (a) Ba cheart go mbeadh ráitis shoiléire maidir le hinghlacthacht riosca bunaithe ag institiúidí atá formheasta ag a gcomhlacht bainistíochta agus curtha chun feidhme trí chreataí cuimsitheacha maidir le hinghlacthacht riosca – i.e., beartais agus nósanna imeachta chun IRRBB a theorannú agus a rialú.
- (b) Ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas san áireamh ina gcreataí maidir le hinghlacthacht rioscaí:
 - a. ba cheart cumhachtaí tarmligthe, línte freagrachta agus cuntasacht i ndáil le cinntí bainistíochta IRRBB a léiriú; agus
 - b. ba cheart na hionstraimí, straitéisí fálaíthe agus deiseanna glactha rioscaí atá údaraithe le haghaidh IRRBB a liostú.
- (c) Nuair a bhíonn a n-inghlacthacht rioscaí á míniú, ba cheart d'institiúidí cuntas a dhéanamh de rioscaí glanioncaim úis a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar chur chuige cuntasáochta idirbheart sa leabhar neamhtrádála. Ní gá go mbeadh an riosca teoranta d'ioncam úis agus costais: ba cheart éifeachtaí na n-athruithe ar rátaí úis ar mhargadhluach ionstraimí, a léirítear, ag brath ar an gcur chuige cuntasáochta, tríd an gcuntas brabúis nó cailteanais nó go díreach i gcothromas (trí ioncam cuimsitheach eile), a chur san áireamh ar leithligh. Ba cheart d'institiúidí go háirithe cuntas a dhéanamh den tionchar a bhaineann le roghnaíochtaí leabaithe in ionstraimí cóirluacha atá ag déileáil le turraingí leanúnacha ráta úis agus cásanna struis. Ba cheart d'institiúidí cuntas a dhéanamh den tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag díorthaigh fálaíthe ráta úis ar chuntais Bhrabúis agus Chaillteanais dá gcuirfeadh athruithe ar an ráta úis isteach orthu.

44. Ba cheart d'institiúidí teorainneacha a chur chun feidhme atá dírithe ar neamhchosaintí ar IRRBB a chothabháil ar bhealach atá comhsheasmhach lena n-inghlacthacht riosca agus lena gcur chuige foriomlán chun IRRBB a thomhas, an méid seo a leanas go háirithe:

- (a) Ba cheart teorainneacha riosca comhiomlána a mhíniú go soiléir an méid de IRRBB atá inghlactha don chomhlacht bainistíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite agus, más cuí, ag leibhéal na gcleamhnaithe aonair.
- (b) D'fhéadfaí teorainneacha a lua le cásanna sonracha d'athruithe ar rátaí úis agus struchtúir théarma, cosúil le laghdú nó méadú nó athrú ar chruth an chuir toraidh. Ba cheart go léireofaí sna gluaiseachtaí ráta úis a úsáidtear chun na teorainneacha seo a fhorbairt cásanna turrainge agus struis atá sách díobhálach, agus luaineacht an ráta úis stairiúil a chur san áireamh agus an méid ama a theastaíonn ón bhfoireann bhainistíochta chun na neamhchosaintí sin ar riosca a mhaolú.
- (c) Ba cheart go mbeadh na teorainneacha beartais oiriúnach do chineál, méid, castacht agus leordhóthanacht caipitil na hinstiúide, mar aon lena cumas a cuid rioscaí a thomhas agus a bhainistiú.
- (d) Ag brath ar ghníomhaíochtaí agus samhail ghnó instiúide, d'fhéadfaí fo-theorainneacha a bhunú freisin le haghaidh aonad gnó aonair, punann, cineálacha ionstraimí, ionstraimí sonracha nó fochineálacha ábhartha de riosca IRRBB cosúil le riosca bearna, riosca boinn agus riosca roghanna.
- (e) Ba cheart go mbeadh córais bunaithe d'fhonn a áirithiú go ndéileálann an fhoireann bhainistíochta go pras le suíomhanna a sháraíonn, nó ar dócha a sháróidh, teorainneacha atá mínithe ag an gcomhlacht bainistíochta nó ag a thoscairí, agus go ndéileáiltear leo ar bhonn práinne gan mhoill. Ba cheart go mbeadh beartas soiléir bunaithe maidir le cé a chuirfeadh ar an eolas, cén modh cumarsáide a úsáidfear agus céard iad na gníomhaíochtaí a dhéanfar.
- (f) Ba cheart go mbeadh bearta maidir le riosca á dtuairisciú don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí gach ráithe ar a laghad agus ba cheart an neamhchosaint atá le tabhairt faoi deara faoi láthair a chur i gcomparáid le teorainneacha beartais.

45. Ba cheart creat a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na straitéisí fálaíthe a bhraitheann ar ionstraimí cosúil le díorthaigh, agus chun rioscaí marcála ón margadh a rialú in ionstraimí a bhfuil cuntas déanta orthu ag cóirluach.

4.2.6 Beartas, próisis agus rialuithe riosca IRRBB

Beartais agus próisis riosca

46. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta, bunaithe ar a straitéis fhoriomlán IRRBB, glacadh le beartais, próisis agus córais riosca láidre a bheidh mar bhonn leis an méid seo a leanas a áirithiú:

- (a) nósanna imeachta chun cásanna a nuashonrú chun IRRBB a thomhas agus a mheas bunaithe;
- (b) cur chuige tomhais agus toimhdí comhfhreagracha oiriúnacha agus comhréireacha chun IRRBB a thomhas agus a mheas, lena n-áirítear caipiteal inmheánach a leithdháileadh ar rioscaí IRRBB;
- (c) déantar athbhreithniú rialta ar thoimhdí na samhlacha a úsáidtear agus, más gá, leasaítear iad;
- (d) mínítear na caighdeáin atá luaite le meastóireacht a dhéanamh ar shuíomhanna agus feidhmíocht a thomhas;
- (e) doiciméid agus rialú cuí straitéisí fálaithe incheadaithe agus ionstraimí fálaithe; agus
- (f) tá na línte údaráis agus freagrachta a bhaineann le neamhchosaintí ar IRRBB a bhainistiú mínithe.

47. Ba cheart go mbeadh na beartais seo ciallmhar, stuama agus doiciméadaithe agus ba cheart go ndéileálfai iontu le gach comhpháirt de IRRBB atá tábhachtach i ndáil le himthosca aonair na hinstitiúide. Gan dochar do phrionsabal na comhréireachta, ba cheart go n-áireofaí i mbeartais IRRBB:

- (a) Cur i bhfeidhm na teorann idir 'leabhar neamhtrádála' agus 'leabhar trádála'. Ba cheart aistriú riosca inmheánacha idir an leabhar bainc éireachta agus an leabhar trádála a dhoiciméadú agus faireachán cuí a dhéanamh air laistigh den fhaireachán ginearálta atá á dhéanamh ar IRRBB atá bunaithe in ionstraimí díorthach ráta úis.
- (b) Glacadh leis an míniú níos mionsonraithe ar luach eacnamaíoch agus a chomhsheasmhacht leis an modh a úsáideadh chun sócmhainní agus dliteanais a luacháil (e.g., bunaithe ar luach lascainithe shreafaí airgid na todhchaí agus luach lascainithe ghlánioncam úis na todhchaí) d'úsáid inmheánach.
- (c) Glacadh leis an míniú níos mionsonraithe ar bhearta a bhaineann le glánioncam úis móide athruithe margadhluacha agus a chomhsheasmhacht le cur chuige na hinstitiúide i ndáil le pleananna airgeadais a fhorbairt agus réamhaisnéisí airgeadais d'úsáid inmheánach.
- (d) Méid agus foirm na dturraingí difriúla ráta úis atá le húsáid do ríomhanna inmheánacha IRRBB.
- (e) Úsáid a bhaint as cuir chuige mhodh an tsreabhaidh airgid coinníollach nó neamhchoinníollach.

- (f) An cur chuige maidir le 'idirbhearta píblíne'⁷ (lena n-áirítear aon fhálú gaolmhar).
- (g) Comhiomlánú neamhchosaintí trasairgeadra ráta úis.
- (h) Tomhas agus bainistiú an riosca boinn mar thoradh ar innéacsanna difriúla ráta úis.
- (i) Cibé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear sócmhainní agus dliteanas neamhús mhara an leabhair neamhtrádála (lena n-áirítear caipiteal agus cúlchistí) san áireamh i ríomhanna a bhfuil IRRBB le haghaidh ICAAP á dtomhas acu.
- (j) Cur chuige iompraíochta cuntas reatha agus coigiltis (i.e., an aibíocht a nglactar léi le haghaidh dliteanas lena mbaineann aibíocht chonarthaigh ghearrthéarmach ach aibíocht iompair fhada).
- (k) Tomhas IRRBB ag eascairt as roghanna iompair agus uathoibríocha sócmhainní nó dliteanas, lena n-áirítear éifeachtaí dronnachta agus próifílí torthaí neamhlíneacha.
- (l) An méid gráinneachta a úsáidtear i ríomhanna tomhais (e.g., an úsáid a bhaintear as eatraimh ama).
- (m) An sainmhíniú inmheánach ar chorrailigh tráchtála agus modheolaíocht oiriúnach don chur chuige inmheánach maidir le corrlaigh tráchtála.

48. Ba cheart gach beartas IRRBB a athbhreithniú go rialta, gach bliain ar a laghad, agus iad a athbhreithniú nuair is gá.

49. D'fhonn a áirithiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta bainistíochta institiúide IRRBB oiriúnach agus fóna, ba cheart don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta bainistíochta IRRBB i bhfianaise thorthaí na dtuarascálacha rialta.

50. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí anailíse agus bainistíochta riosca a bhaineann le IRRBB á gcur i gcrích ag baill foirne oiriúnacha agus inniúla a bhfuil an t-eolas agus an taithí theicniúil acu atá comhsheasmhach le cineál agus raon feidhme ghníomhaíochtaí na hinstitiúide.

Rialuithe inmheánacha

51. Chomh fada is a bhaineann le beartais agus nósanna imeachta rialaithe IRRBB, ba cheart go mbeadh próisis faofa oiriúnacha ag institiúidí, mar aon le teorainneacha neamhchosanta, athbhreithnithe agus sásraí eile atá deartha chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil cuspóirí bainistíochta riosca á gcomhlíonadh.

⁷ Go bunúsach, soláthraíonn neamhchosaintí píblíne (e.g., sa chás go bhfuil iasacht comhaontaithe agus gur féidir leis an gcustaiméir cinneadh a dhéanamh maidir leis an iasacht sin a tharraingt anuas) rogha don chustaiméir ar dócha a bheidh á feidhmiú nuair nach bhfuil na coinníollacha margaidh oiriúnach don institiúid (dronnacht dhiúltach). Braitheann bainistiú neamhchosaintí píblíne ar shonraí beachta maidir le hiarratais faighte, agus samhaltú tarraingí anuas ionchais.

52. Ba cheart d'institiúidí athbhreithnithe agus meastóireachtaí rialta a dhéanamh ar a gcuid córas rialaithe inmheánaigh agus próisis bainistíochta riosca, agus dearbhú a lorg go bhfuil beartais agus nósanna imeachta atá bunaithe á gcomhlíonadh ag pearsanra. Chomh maith leis sin, ba cheart díriú mar chuid d'athbhreithnithe dá leithéid ar aon athruithe suntasacha a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar éifeachtacht rialuithe, lena n-áirítear athruithe ar dhálaí margaidh, pearsanra, teicneolaíocht agus struchtúir chomhlíonta le teorainneacha neamhchosanta, agus a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta géaraithe oiriúnacha bunaithe le haghaidh aon teorainneacha a sháraítear. Ba cheart do dhaoine aonair nó d'aonaid atá ag feidhmiú neamhspleách ar an bhfeidhm atá á hathbhreithniú na hathbhreithnithe agus meastóireachtaí a dhéanamh. Sa chás gur gá leasuithe nó feabhsuithe a chur i bhfeidhm ar na rialuithe inmheánacha, ba cheart go mbeadh sásra athbhreithnithe inmheánach bunaithe d'fhonn a áirithiú go bhfuil siad seo á gcur chun feidhme ar bhonn tráthúil.

53. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil á bpróisis aitheantais, tomhais, faireacháin agus rialaithe á n-athbhreithniú ag feidhm iniúchta neamhspleách, iniúcháir inmheánach nó seachtrach, ar bhonn rialta. I gcásanna dá leithéid, ba cheart tuarascálacha atá scríofa ag iniúcháirí inmheánacha nó seachtracha nó páirtithe seachtracha comhionanna a chur ar fáil do na húdaráis inniúla ábhartha.

Córas TF agus cáilíocht sonraí IRRBB

54. Ba cheart go mbeadh na córais TF agus na feidhmchláir atá in úsáid ag an institiúid chun oibríochtaí a dhéanamh, a phróiseáil agus a thaifeadadh, chun neamhchosaintí a shainaithint, a thomhas agus a chomhiomlánú, agus chun tuarascálacha a ghiniúint, in ann tacú le bainistíocht IRRBB go tráthúil agus go beacht. Go háirithe, ba cheart do na córais tacú leis an méid seo a leanas:

- (a) Sonraí maidir le riosca an ráta úis a bhaineann le neamhchosaintí ábhartha uile IRRBB na hinstiúide ar bhearna, bonn agus riosca roghanna. Ba cheart go dtacódh sé seo le córas tomhais na hinstiúide chun mórfhoinsí neamhchosaintí IRRBB a shainaithint, a thomhas agus a chomhiomlánú.
- (b) A bheith in ann gach idirbheart a dhéanann an institiúid a thaifeadadh go hiomlán agus go soiléir, agus a saintréithe IRRBB a chur san áireamh.
- (c) A bheith saincheaptha do chastacht agus don líon idirbheart a raibh IRRBB á chruthú acu.
- (d) A bheith sách solúbtha chun freastal ar raon réasúnta cásanna turrainge agus struis IRRBB agus aon chásanna breise.
- (e) Cur ar chumas na n-institiúidí an tionchar atá acu ar idirbhearta aonair dá neamhchosaint fhoriomlán a thomhas, a mheas agus a fhaire go hiomlán.
- (f) A bheith in ann bearta IRRBB a ríomh (i.e., bearta a bhaineann le luach eacnamaíoch agus glanioncam úis mar aon le hathruithe margadhluacha) agus bearta IRRBB eile atá

forordaithe ag a n-údaráis inniúla, bunaithe ar chásanna a bhaineann le turraing an ráta úis agus struis atá sonraithe i rannóg 4.3.3 agus 4.3.4.

(g) A bheith sách solúbtha chun srianta maoirseachta atá forchurtha ar thiomhdí inmheánacha institiúidí maidir le paraiméadar riosca a chur san áireamh.

55. Ba cheart go mbeadh an córas TF agus idirbhirt in ann an phróifíl athphraghsála, saintréithe an ráta úis (lena n-áirítear raon) agus saintréithe roghanna na dtáirgí a thaifeadadh d'fhonn a áirithiú gur féidir an riosca bearna, riosca boinn agus riosca roghanna a thomhas. Go háirithe, ba cheart go mbeadh an córas idirbhirt in ann eolas mionsonraithe maidir le dáta/dátaí athphraghsála idirbheart ar leith a bhailiú, cineál nó innéacs an ráta úis, aon roghanna (lena n-áirítear aisíoc nó fuascailt luath) agus na táillí a bhaineann le feidhmiú na roghanna seo. Ba cheart go mbeadh na córais atá in úsáid chun IRRBB a thomhas in ann eolas maidir le saintréithe IRRBB gach táirge a ghabháil. Ba cheart go bhfreastalódh na córais ar dhí-chomhiomlánú thionchar na n-ionstraimí agus na bpunann aonair IRRBB ag leibhéal riosca an leabhair neamhtrádála.

56. Chomh fada is a bhaineann le táirgí casta, struchtúrtha go háirithe, ba cheart go mbeadh an córas idirbhirt in ann eolas a bhailiú faoi chodanna éagsúla an táirge agus a gcuid saintréithe IRRBB a ghabháil (e.g., saintréithe sócmhainní agus dliteanas grúpáilte bunaithe ar shaintréithe áirithe cosúil le dátaí athphraghsála nó gnéithe roghnaíochta). Ba cheart don institiúid a áirithiú go bhfuil an córas TF in ann freastal ar tháirgí nua.

57. Ba cheart go mbeadh rialuithe eagraíochtúla oiriúnacha chórais TF bunaithe d'fhonn a áirithiú nach bhfuil sonraí atá in úsáid ag córais agus feidhmchláir ríomhaireachta IRRBB á n-éilliú agus chun athruithe ar an gcódú a úsáidtear sna feidhmchláir seo a rialú, ar mhaithe leis an méid seo a leanas go háirithe a áirithiú:

- (a) iontaofacht na sonraí a úsáidtear mar ionchur, agus sláinte na gcórais próiseála do shamhlacha IRRBB;
- (b) an dóchúlacht go dtarlóidh earráidí sa chóras TF, lena n-áirítear earráidí a tharlaíonn nuair atá sonraí á bpróiseáil agus á gcomhiomlánú, a íoslaghdú; agus
- (c) a áirithiú go gcuirtear bearta oiriúnacha i gcrích má tharlaíonn míshocracht nó meathlú sa mhargadh.

58. Ba cheart go mbeadh bearta riosca bunaithe ar shonraí margaidh agus inmheánacha iontaofa. Ba cheart d'institiúidí grinnschrúdú a dhéanamh ar chaighdeán foinsí seachtracha eolais a úsáidtear chun bunachair sonraí stairiúla de rátaí úis a bhunú, mar aon le minicíocht nuashonraithe na mbunachair sonraí.

59. D'fhonn caighdeán ard sonraí a áirithiú, ba cheart d'institiúidí próisis oiriúnacha a chur chun feidhme a áirithíonn go bhfuil na sonraí a iontráiltear sa chóras TF ceart. Ba cheart ionchuir sonraí a dhéanamh a dhéanamh ar bhonn uathoibrithe oiread agus is féidir chun earráidí

riaracháin a laghdú, agus ba cheart athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar mhapáil sonraí agus iad a thástáil i gcomparáid le leagan faofa den tsamhail. Lena chois sin, ba cheart go mbeadh dóthain doiciméad ar fáil maidir leis na mórfhoinsí sonraí a úsáidtear i bpróiseas tomhais riosca na hinstitiúide. Chomh maith leis sin, ba cheart d'institiúidí sásraí oiriúnacha a bhunú chun ceartaiseacht an phróisis comhiomlánaithe agus iontaofacht thorthaí na samhla a fhíorú. Ba cheart go ndeimhneodh na sásraí seo beachtas agus iontaofacht na sonraí.

60. Sa chás go bhfuil institiúidí ag déileáil le sreafaí airgid in eatraimh ama dhifriúla (e.g., le haghaidh anailís ar bhearnaí) nó chun na sreafaí airgid a shannadh do phointí góire difriúla chun léargas a thabhairt ar éirimí difriúla chuar an ráta úis, ba cheart go mbeadh na critéir chuí cobhsaí le himeacht ama chun comparáid lánbhí ar fhigiúirí riosca i dtréimhsí difriúla a cheadú.

61. Ba cheart d'institiúidí cúiseanna poitéinsiúla le haghaidh neamhréireanna agus neamhrialtachtaí a d'fhéadfaí a thabhairt faoi deara tráth phróiseáil na sonraí a shainaitint. Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta bunaithe ag institiúidí chun déileáil leis na neamhréireanna agus neamhrialtachtaí sin, lena n-áirítear nósanna imeachta do réiteach comhphárteach na suíomhanna ionas gur féidir deireadh a chur leis na neamhréireanna agus neamhrialtachtaí sin.

62. Ba cheart d'institiúidí próisis oiriúnacha a bhunú d'fhonn a áirithiú go bhfuil na sonraí a úsáidtear le haghaidh samhla a bhfuil IRRBB á thomhas acu sa ghrúpa trí chéile comhsheasmhach leis na sonraí a úsáid do phleanáil airgeadais.

Tuairisciú inmheánach

63. Ba cheart do chórais inmheánacha tuairisciú ar rioscaí institiúidí eolas tráthúil, beacht agus cuimsitheach maidir le neamhchosaintí ar IRRBB a sholáthar. Ba cheart tuarascálacha inmheánacha a chur ar fáil gach ráithe ar a laghad.

64. Ba cheart na tuarascálacha inmheánacha a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí mar aon le heolas ag leibhéil ábhartha comhiomlánaithe (bunaithe ar leibhéal comhdhlúthacháin agus airgeadra), agus athbhreithniú a dhéanamh orthu go rialta. Ba cheart go mbeadh leibhéal eolais le fáil sna tuarascálacha atá curtha in oiriúint don leibhéal bainistíochta ábhartha (e.g., comhlacht bainistíochta, foireann bhainistíochta shinsearach) agus do staid shonrach na hinstitiúide agus na timpeallachta eacnamaíche.

65. Ba cheart go mbeadh eolas comhiomlán le fáil i dtuarascálacha IRRBB mar aon le dóthain sonraí tacaíochta chun cur ar chumas an chomhlachta bainistíochta nó a thoscairí measúnú a dhéanamh ar íogaireacht na hinstitiúide d'athruithe ar dhálaí margaidh agus fachtóirí riosca tábhachtacha eile. Ba cheart go mbeadh léargas le fáil in ábhar na dtuarascálacha ar athruithe ar phróifíl riosca na hinstitiúide agus sa timpeallacht eacnamaíoch, agus ba cheart an neamhchosaint reatha a chur i gcomparáid le srianta beartais.

66. Ba cheart go n-áireofaí i dtuarascálacha IRRBB, go rialta, torthaí na n-athbhreithnithe agus na n-iniúchtaí samhla mar aon le comparáidí idir réamhaisnéisí nó réamh-mheastacháin riosca a rinneadh roimhe seo agus torthaí iarbhír a bheidh mar bhonn le heolas a sholáthar faoi easnaimh shamhaltaithe a d'fhéadfaí a thabhairt faoi deara amach anseo. Go háirithe, ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar na cailteanais réamhíocaíochta samhltaithe i gcomparáid leis na cailteanais réadaithe stairiúla. Ba cheart punanna a d'fhéadfadh a bheith faoi réir gluaiseachtaí suntasacha marcáil ón margadh a shainaitheint go soiléir agus ba cheart faireachán a dhéanamh ar an tionchar laistigh de MIS na hinstiúide agus faoi réir maoirseachta de réir aon phunann eile atá neamhchosanta ar riosca margaidh.
67. Ainneoin go mbeidh na cineálacha tuarascálacha atá ullmhaithe don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscáirí bunaithe ar chomhdhéanamh phunann na hinstiúide, ba cheart go n-áireofaí iontu, ag cur mír 65 agus 66 san áireamh:
- (a) Achoimrí ar neamhchosaintí comhiomlána IRRBB na hinstiúide, lena n-áirítear eolas maidir le neamhchosaintí ar bhearna, riosca boinn agus riosca roghanna. Ba cheart sócmhainní, dliteanais, sreafaí airgid agus straitéisí atá mar bhonn le leibhéal agus treo IRRBB a shainaitheint agus a mhíniú.
 - (b) Tuarascálacha ina léirítear go bhfuil beartais agus teorainneacha á gcomhlíonadh ag an institiúid.
 - (c) Príomhthoimhdí agus paraiméadair samhltaithe, cosúil le saintréithe taiscí neamhaibíochta (NMDanna), réamhíocaíochtaí ar iasachtaí ráta sheasta, aistarraingtí luatha taiscí ráta sheasta, tarraingt gealltanais, comhiomlánú airgeadra agus cur chuige maidir le corrlaigh thráchtála.
 - (d) Sonraí maidir le tionchar phríomhthoimhdí samhltaithe déanta maidir le bearta IRRBB lena n-áirítear athruithe ar thoimhdí faoi chásanna éagsúla ráta úis.
 - (e) Sonraí maidir le tionchar díorthach ráta úis ar bhearta IRRBB.
 - (f) Sonraí maidir le tionchar ionstraimí cóirluacha, lena n-áirítear sócmhainní agus dliteanais Leibhéal 3, ar bhearta IRRBB.
 - (g) Torthaí tástálacha struis dá dtagraítear dóibh i rannóg 4.3.4, na turraingí dá dtagraítear dóibh i rannóg 4.3.3, na tástálacha asluiteacha maoirseachta dá dtagraítear dóibh i mír 5 d'Airteagal 98 de Threoir 2013/36/AE, agus measúnachtaí ar íogaireacht do phríomhthoimhdí agus paraiméadair; agus
 - (h) Achoimrí ar na hathbhreithnithe ar bheartais, nósanna imeachta IRRBB agus leordhóthanacht na gcóras tomhais, lena n-áirítear aon torthaí de chuid iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha nó aon pháirtithe seachtracha comhionanna eile (cosúil le comhairleoirí).

68. Bunaithe ar na tuarascálacha seo, ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta nó a thoscáirí in ann measúnú a dhéanamh ar íogaireacht na hinstiúide d'athruithe ar dhálaí margaidh agus fachtóirí riosca tábhachtacha eile, ag tagairt go háirithe do phunanna a d'fheádfadh a bheith faoi réir gluaiseachtaí suntasacha marcáil ón margadh.

69. Ba cheart go gcruthódh an córas tomhais inmheánach tuarascálacha i bhformáid a chuireann ar chumas leibhéal difriúil d'fhoireann bhainistíochta na hinstiúide na tuarascálacha a thuiscint go héasca agus cinntí oiriúnacha a dhéanamh ar bhonn tráthúil. Ba cheart glacadh leis na tuarascálacha seo mar bhonn leis an bhfaireachán rialta ar cibé acu atá nó nach bhfuil an instiúid ag feidhmiú de réir a straitéise agus cibé acu atá nó nach bhfuil glactha leis an teorainneacha maidir le riosca an ráta úis.

Rialachas samhla

70. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil bailíochtú mhodhanna tomhais IRRBB — ar cheart iad a athbhreithniú agus a bhailíochtú neamhspleách ar a bhforbairt — agus measúnú an riosca chomhfhreagraigh de bharr samhaltaithe san áireamh i bpróiseas beartais fhoirmiúil ar cheart don comhlacht bainistíochta nó dá thoscáirí é a athbhreithniú agus a fhorghnó. Ba cheart an beartas seo a chomhtháthú laistigh de na próisis rialachais do bhainistíocht riosca na samhla agus ba cheart an méid seo a leanas a shonrú:

- (a) na ról bhainistíochta agus an duine atá freagrach as forbairt, bailíochtú, doiciméadú, cur chun feidhme agus úsáid samhlacha a ainmniú; agus
- (b) freagrachtaí maoirseachta na samhla agus beartais lena n-áirítear forbairt nósanna imeachta bailíochtaithe tosaigh agus leanúnacha, meastóireacht ar thorthaí, na próisis atá mar bhonn le faomhadh, rialú leagair, eisceacht, géarú, modhnú agus díchoimisiúnú.

71. D'fhéadfaí na cúig bhunghné seo a leanas a áireamh sa chreat bailíochtaithe:

- (a) meastóireacht ar fhóntacht choincheapúil agus mhodheolaíoch, lena n-áirítear fianaise fhorbarthach;
- (b) faireachán samhla leanúnach lena n-áirítear fíorú agus tagarmharcáil próisis;
- (c) anailís ar thorthaí, lena n-áirítear cúltástáil príomhpharaiméadar inmheánach (e.g., cobhsaíocht taiscí, rátaí réamhíocaíochta iasachta, fuascailtí luatha taiscí, praghsáil ionstraimí);
- (d) measúnú críochnúil ar aon tuairimí agus breithiúnais shaineolacha a úsáidtear i samhlacha inmheánacha; agus
- (e) Bailíochtú toimhdí éagsúlaithe.

72. Nuair a bhíothas ag déileáil leis na gníomhaíochtaí bailíochtaithe tosaigh agus leanúnacha ionchasacha, ba cheart go mbunódh an beartas próiseas ordlathach chun cinneadh a dhéanamh maidir le fóntacht an riosca de bharr samhaltaithe bunaithe ar ghnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla cosúil le méid, tionchar, feidhmíocht roimhe seo agus saineolas ball foirne ar an teicníc samhaltaithe a úsáideadh.
73. Ba cheart do bhainistíocht riosca na samhla do bhearta IRRBB cloí le cur chuige iomlánaíoch a thosaíonn le spreagadh, forbairt agus cur chun feidhme i measc úinéirí agus úsáideoirí na samhla. Sula bhfaightear cead ag leibhéal inmheánach úsáid a bhaint as an bpróiseas, ba cheart an próiseas atá in úsáid chun cinneadh a dhéanamh maidir le hionchuir shamhla, toimhdí, modheolaíochtaí samhaltaithe agus aschuir a athbhreithniú agus a bhailíochtú neamhspleách ar fhorbairt shamhlacha IRRBB.
74. Ba cheart an t-athbhreithniú agus na torthaí bailíochtaithe agus aon mholtaí maidir le húsáid na samhla a chur i láthair an chomhlachta bainistíochta nó a thoscairí agus ba cheart dóibh an tsamhail a fhaomhadh. Nuair a bheidh an tsamhail faofa, ba cheart athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an tsamhail, an próiseas a fhíorú agus a bhailíochtú ag minicíocht atá comhsheasmhach le leibhéal an riosca de bharr samhaltaithe arna chinneadh agus arna fhaomhadh ag an institiúid.
75. Ba cheart don phróiseas athbhreithnithe leanúnach tacar de theagmhais spreagtha eisceachta a bhunú a chuireann dualgas ar athbhreithneoirí na samhla fógra a chur chuig an gcomhlacht bainistíochta nó a thoscairí ar bhonn tráthúil, chun cinneadh a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus srianta maidir le húsáid na samhla. Ba cheart údaruithe rialaithe soiléire maidir le leagan a tharmligean, más cuí, d'úinéirí samhla.
76. Bunaithe ar bhreathnóireachtaí agus ar eolas nua bailithe le himeacht ama, féadfar samhail faofa a mhodhnú nó a aistarraingt. Ba cheart d'institiúidí beartais maidir le haistriú samhla a shoiléiriú, lena n-áirítear údaruithe agus doiciméid maidir le rialú athraithe agus leagáin.
77. Féadfaidh institiúidí brath ar shamhlacha IRRBB tríú páirtí chun IRRBB a bhainistiú agus a rialú, ar an gcoinníoll go bhfuil na samhlacha seo saincheaptha go cuí chun léargas ceart a thabhairt ar shaintréithe sonracha na hinstitiúide ábhartha. Bítear ag súil go mbeidh tuiscint iomlán ag institiúidí ar anailísíocht, toimhdí agus modheolaíochtaí foluiteacha na samhlacha tríú páirtí agus go n-áiritheoidh siad go bhfuil siad comhtháite go cuí i gcórais agus i bpróisis fhoriomlána bainistíochta riosca na hinstitiúide. Sa chás go soláthraíonn tríú páirtithe ionchur le haghaidh sonraí margaidh, toimhdí iompair nó suíomhanna samhla, ba cheart go mbeadh próiseas bunaithe ag an institiúid chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil an t-ionchur sin réasúnach dá ghnó agus do shaintréithe riosca a ghníomhaíochtaí. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil dóthain doiciméad ar fáil maidir leis an úsáid atá á baint acu as samhlacha tríú páirtí, lena n-áirítear aon saincheapadh sonracha.

78. Ba cheart ionchur nó toimhdí samhla, ag eascairt as próisis samhla inmheánacha nó tríú páirtithe, a chur san áireamh sa phróiseas bailíochtaithe. Ba cheart don institiúid na roghanna sonraíochta samhla a dhoiciméadú agus a mhíniú mar chuid den phróiseas bailíochtaithe.

4.3 IRRBB á thomhas ag córas inmheánach institiúide

4.3.1 Cur chuige ginearálta maidir le IRRBB a thomhas

79. Ba cheart d'institiúidí córais tomhais inmheánacha (IMSanna) stuama a chur chun feidhme a chuireann san áireamh gach comhpháirt agus foinse de IRRBB atá ábhartha do shamhail ghnó na hinstitiúide.

80. Ba cheart d'institiúidí a neamhchosaint ar IRRBB a thomhas bunaithe ar athruithe poitéinsiúla ar luach eacnamaíoch agus bearta maidir le glanioncam úis mar aon le hathruithe ar mhargadhluach. Ba cheart d'institiúidí úsáid a bhaint as gnéithe comhlántacha bhearta IRRBB chun eolas a bhailiú maidir le castacht IRRBB thar thréimhsí ama gearrthéarmacha agus fadtéarmacha. Go háirithe, ba cheart d'institiúidí na nithe seo a leanas a thomhas agus faireachán a dhéanamh orthu (i) tionchar foriomlán na bpríomhthoimhdí samhaltaithe ar thomhas IRRBB faoi bhearta difriúla IRRBB agus (ii) IRRBB díorthach ráta úis a leabhair baincéireachta sa chás go bhfuil a leithéid ábhartha don tsamhail ghnó.

81. Sa chás nach bhfuil corrlaigh thráchtála agus comhpháirteanna raoin eile á gcur san áireamh sna bearta a bhaineann le luach eacnamaíoch, ba cheart d'institiúidí (i) úsáid a bhaint as modheolaíocht thrédhearcach chun an ráta úis saor ó riosca a shainiú nuair a bhunaítear gach ionstraim; agus (ii) úsáid a bhaint as modheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ionstraim atá íogair do ráta úis agus i ngach aonad gnó.

82. Nuair a bhíonn bearta maidir le glanioncam úis á ríomh chun neamhchosaintí ar IRRBB a mheas, ba cheart d'institiúidí corrlaigh thráchtála a chur san áireamh.

83. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha (glan ó sholáthairtí) mar ionstraimí atá íogair do ráta úis ina léirítear sreafaí airgid ionchais agus a n-uainiú.

84. Nuair a bhíonn a neamhchosaint ar IRRBB á thomhas, níor cheart d'institiúidí brath go hiomlán ar an ríomh agus ar thorthaí na dtástálacha asluiteacha maoirseachta a bhfuil cur síos déanta orthu i mír 5 d'Airteagal 98 de Threoir 2013/36/AE nó aon tástáil asluiteach bhreise atá forbartha ag an údarás inniúil, ach ba cheart dóibh a gcuid toimhdí agus modhanna ríofa féin a fhorbairt agus a úsáid. Ba cheart, áfach, na tástálacha asluiteacha maoirseachta a chomhtháthú go hiomlán sa chreat inmheánach do bhainistíocht IRRBB agus ba cheart iad a úsáid mar uirlisí comhlántacha chun neamhchosaint ar IRRBB a thomhas.

4.3.2 Modhanna chun IRRBB a thomhas

85. Níor cheart d'institiúidí brath ar bheart riosca aonair, seachas sin ba cheart dóibh úsáid a bhaint as an raon uirlisí agus samhlaí cainníochtúla a chomhfhreagraíonn dá neamhchosaint shonrach ar riosca. Chuige sin, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na modhanna atá liostaithe in Iarscríbhinn I ach níl siad teoranta dóibh sin a úsáid, d'fhonn a áirithiú go bhfuil gnéithe éagsúla de riosca an ráta úis á gcur san áireamh go cuí.

86. Ba cheart go dtuigfeadh an institiúid na srianta a bhaineann le gach uirlis agus samhail chainníochtúil a úsáidtear, agus ba cheart na srianta seo a chur san áireamh i bpróiseas bainistíochta riosca IRRBB. Nuair a bhíonn IRRBB á mheas, ba cheart d'institiúidí cuntas a dhéanamh de na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar chur chuige cuntasíochta idirbheart sa leabhar neamhtrádála.

87. Ba cheart d'institiúidí gach comhpháirt de IRRBB a shainaithint agus a thomhas. Chun comhphárteanna difriúla IRRBB a thomhas, ba cheart d'institiúidí na cuir chuige atá sonraithe i dTábla 1 ar a laghad a bhreithniú.

Tábla 1: Sainaithint fo-chomhphárteanna riosca an ráta úis sa leabhar neamhtrádála

Comhpháirt	Modh	Réimse Fócais
	Anailís ar bhearnaí	An líon neamhréireanna i mbandaí ama difriúla.
Riosca bearna	Tréimhse pháirteach do riosca an chuir toraidh	Scaipeadh agus comhchruinniú na neamhréireanna i mbandaí ama difriúla.
Riosca boinn	Fardal na ngrúpaí ionstraimí bunaithe ar rátaí úis difriúla	An úsáid atá á baint as díorthaigh agus ionstraimí fálaithe eile bunaithe ar bhoinn dhifriúla, dronnacht agus difríocht uainithe nár díriodh orthu san anailís ar bhearnaí.
Riosca roghanna (roghanna uathoibríocha agus iompair)	Fardal de gach ionstraim le roghanna leabaithe nó follasacha	Roghanna iompair: An líon morgáistí, cuntas reatha, coigiltis agus taiscí ina bhfuil rogha eile ag an gcustaiméir seachas aibíocht chonarthat; an líon gealltanais a bhfuil tarraingtí custaiméara atá íogair do ráta úis luaite leo. Roghanna uathoibríocha maidir le ráta úis: Caidhpeanna agus íosrátaí leabaithe i sócmhainní agus

Comhpháirt	Modh	Réimse Fócais
		dliteanais; roghánach nó roghanna réamhíocaíochta leabaithe i sócmhainní agus dliteanais mhiondíola agus caidhpeanna, íosrátaí agus roghánach follasacha.

88. Chun IRRBB a thomhas agus faireachán a dhéanamh air, ba cheart d'institiúidí beart glanioncaim úis amháin ar a laghad móide athruithe margadhluacha agus modh tomhais luach eacnamaíoch amháin ar a laghad a úsáid, a chuireann, i dteannta a chéile, gach comhpháirt de IRRBB san áireamh. Ba cheart d'institiúidí móra a bhfuil gníomhaíochtaí trasteorann ar bun acu, go háirithe institiúidí faoi chatagóir 1 agus 2 de Threoirlínte SREP, agus institiúidí a bhfuil samhlacha gnó casta nó sofaisticiúla acu, modhanna tomhais éagsúla a úsáid le haghaidh IRRBB, mar atá sonraithe in Iarscríbhinn II.

4.3.3 Cásanna a bhaineann le turraing an ráta úis atá le bainistiú ar bhonn leanúnach

89. Ba cheart d'institiúidí, a neamhchosaint ar IRRBB a thomhas go rialta, uair gach ráithe ar a laghad agus ar bhonn níos minice nuair a bhíonn luaineacht an ráta úis méadaithe nó nuair a bhíonn na leibhéil IRRBB méadaithe, i gcomhthéacs na mbeart difriúil IRRBB bunaithe ar chásanna éagsúla a bhaineann le turraing an ráta úis ag díriú ar athruithe a d'fhéadfaí a thabhairt faoi deara ar leibhéal agus ar chruth chuar toraidh an ráta úis, agus athruithe ar an gcaidreamh idir rátaí úis difriúla (i.e., riosca boinn).

90. Ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart cur chuige coinníollach nó neamhchoinníollach maidir le samhaltú an tsreabhaidh airgid a chur i bhfeidhm. Ba cheart d'institiúidí níos mó agus níos casta, go háirithe institiúidí faoi chatagóir 1 agus 2 de Threoirlínte SREP, cuntas a dhéanamh de chásanna ina bhfuil conairí difriúla ráta úis á ríomh agus sa chás gurb ionann cuid de na toimhdí (e.g., maidir le hiompar, cur le riosca agus méid agus comhdhéanamh an chláir comhardaithe) agus feidhmeanna de leibhéal athraitheacha ráta úis.

91. Ba cheart d'institiúidí neamhchosaintí i ngach airgeadra ina bhfuil suíomhanna acu a mheas. Chomh fada is a bhaineann leis na neamhchosaintí airgeadra ábhartha, ba cheart go mbeadh na cásanna maidir le turraing an ráta úis dírithe go sonrath ar airgeadra agus comhsheasmhach leis na saintréithe eacnamaíocha foluiteacha. Faoi chóras tomhais inmheánach (IMS) IRRBB, ba cheart cásanna maidir le turraing an ráta úis atá bunaithe ar airgeadra sonrath a bhreithniú le haghaidh, ar a laghad, gach airgeadra ina bhfuil luach de réir na leabhar de shócmhainní nó dliteanais airgeadais ainmnithe in airgeadra cothrom le 5% nó níos mó de shócmhainní nó dliteanais airgeadais iomlána an leabhair neamhthrádála, nó níos lú ná 5% má tá suim na sócmhainní nó dliteanais airgeadais curtha san áireamh sa ríomh cothrom le níos lú ná 90% de shócmhainní nó dliteanais airgeadais iomlána an leabhair neamhthrádála (seachas sócmhainní

inláimhsithe). Ba cheart go n-áireodh institiúidí modhanna ina gcórais tomhais inmheánacha chun a IRRBB a chomhiomlánú in airgeadraí difriúla. Sa chás go mbaineann institiúidí úsáid as toimhdí maidir le spleáchais idir rátaí úis in airgeadraí difriúla, ba cheart go mbeadh an leibhéal riachtanach scileanna agus castachta acu chun é sin a dhéanamh. Ba cheart go gcuirfeadh institiúidí tionchar na dtoimhdí maidir le spleáchais idir rátaí úis in airgeadraí difriúla san áireamh.

92. Nuair a bhíonn cásanna maidir le turraing an ráta úis á roghnú, ba cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a bhreithniú:

- (a) Go bhfuil na cásanna maidir le turraing an ráta úis atá forbartha acu i gcomhréir le nádúr, scála agus castacht a ngníomhaíochtaí agus a bpróifíl riosca, agus go bhfuil athruithe tobanna agus de réir a chéile comhthreomhara agus neamh-chomhthreomhara sna cuair torthaí á gcur san áireamh. Ba cheart go mbeadh cásanna bunaithe ar ghluaiseachtaí agus iompar stairiúil rátaí úis agus ar ionsamhlúcháin maidir le rátaí úis todhchaíocha;
- (b) Cásanna maidir leis an ráta úis a léirítear iontu athruithe ar an gcaidreamh idir príomhrátaí margáí chun déileáil leis an riosca boinn;
- (c) Na cásanna forordaithe maidir le turraing an ráta úis dá dtagraítear dóibh i mír 5 d'Airteagal 98 de Threoir 2013/36/AE;
- (d) Aon chásanna breise maidir le turraing an ráta úis arna gceangal ag maoirseoirí;
- (e) Go bhfuil dóthain struis luaite le bailíocht na dtoimhdí éagsúlaithe; agus
- (f) I dtimpeallachtaí rátaí úis íseal, ba cheart d'institiúidí breithniú a dhéanamh freisin ar chásanna diúltacha an ráta úis agus ar an bhféidearthacht a bhaineann le héifeachtaí neamhshiméadracha rátaí úis diúltacha ar a gcuid ionstraimí atá logair do ráta úis.

93. Ba cheart torthaí na gcásanna turrainge a úsáid i ndáil le cinnteoireacht ag leibhéal bainistíochta oiriúnach. Áirítear anseo cinntí straitéiseacha nó gnó, leithdháileadh caipiteal inmheánach agus cinntí bainistíochta riosca atá á ndéanamh ag an gcomhlacht bainistíochta nó ag a thoscairí. Ba cheart na torthaí a bhreithniú freisin nuair a bhíonn beartais agus teorainneacha le haghaidh IRRBB á mbunú agus á n-athbhreithniú.

4.3.4 Cásanna struis ráta úis

94. Ba cheart tástáil struis IRRBB a bhreithniú in ICAAP, agus ba cheart d'institiúidí tástáil struis géar, fadbhreathnaitheach a dhéanamh a shainaithníonn na hairmhairtí díobhálacha poitéinsiúla a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe suntasacha ar dhálaí margaidh ar a mbearta caipitil nó glanioncam úis móide athruithe margadhluacha. Chun críche thástáil struis IRRBB, ba cheart d'institiúidí athruithe ar iompar a mbonn custaiméirí a chur san áireamh. Ba cheart tástáil struis le haghaidh IRRBB a chomhtháthú i gcreat foriomlán tástála struis institiúidí, lena

n-áirítear cúltástáil struis, agus ba cheart go mbeadh a leithéid i gcomhréir lena nádúr, méid agus castacht, mar aon lena ngníomhaíochtaí gnó agus próifíl riosca fhoriomláin.

95. Ba cheart tástáil struis IRRBB a dhéanamh go rialta, ar bhonn bliantúil ar a laghad agus níos minice nuair a bhíonn luaineacht an ráta úis méadaithe agus nuair a bhíonn na leibhéil IRRBB méadaithe.

96. Ba cheart go n-áireofaí i gcreat tástála struis IRRBB cuspóirí atá sainithe go soiléir, cásanna atá saincheaptha do ghnóthaí agus rioscaí na hinstiúide, toimhdí a bhfuil bunús maith leo agus modheolaíochtaí fónta.

97. I dtástálacha struis uile-fhiontair, ba cheart idirghníomhaíocht IRRBB le catagóirí riosca eile (riosca creidmheasa, riosca leachtachta, riosca margaidh, etc.), agus aon éifeachtaí ábhartha indíreacha, a ríomh.

98. Ba cheart d'institiúidí cúltástálacha struis a dhéanamh chun (i) cásanna ráta úis a shainithint a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar bhearta caipitil, luach eacnamaíoch agus glanioncam úis móide athruithe margadhluacha; agus (ii) leochaileachtaí a léiriú atá ag eascairt as a straitéisí fálaithe agus freagairtí poitéinsiúla iompair a chuid custaiméirí.

99. Chun críche mheasúnú IRRBB, nuair a bhíonn leochaileachtaí á dtástáil i ndálaí anáis, ba cheart d'institiúidí úsáid a bhaint as aistrithe agus athruithe níos suntasaí i rátaí úis i gcomparáid leis na haistrithe agus leis na hathruithe a úsáidtear chun críche bainistíochta, lena n-áirítear ceann amháin acu seo a leanas ar a laghad:

- a) Athruithe suntasacha sa chaidreamh idir príomhrátaí margaidh (riosca boinn);
- b) Aistrithe tobanna agus suntasacha sa chuar toraidh (comhthreomhar agus neamh-chomhthreomhar);
- c) Miondealuithe ar phríomhthoimhdí maidir le hiompar aicmí sócmhainní agus dliteanas;
- d) Athruithe ar phríomhthoimhdí comhghaolúcháin;
- e) Athruithe suntasacha ar dhálaí margaidh reatha agus ar mhacradhálaí agus ar an timpeallacht iomaíoch agus eacnamaíoch, agus a bhforbairt fhéideartha; agus
- f) Cásanna sonracha a bhaineann le samhail agus próifíl ghnó aonair na hinstiúide.

100. Ba cheart torthaí na gcásanna struis a úsáid i ndáil le cinnteoireacht ag leibhéal bainistíochta oiriúnach. Áirítear anseo cinntí straitéiseacha nó gnó, leithdháileadh caipiteal inmheánach agus cinntí bainistíochta riosca atá á ndéanamh ag an gcomhlacht bainistíochta nó ag a thoscairí. Ba cheart na torthaí a bhreithniú freisin nuair a bhíonn beartais agus teorainneacha le haghaidh IRRBB á mbunú agus á n-athbhreithniú.

101. Chun críche anailís íogaireachta, ba cheart d'institiúidí meastóireacht a dhéanamh, i méadracht an luacha eacnamaíoch, ar na teorainneacha a bhaineann le húsáid a bhaint as toimhde caillteanais agus cumas na hinstiúide riosca fadtéarmach an ráta úis a ghabháil.
102. I gcásanna ina bhfuil srianta suntasacha athphraghsála luaite le hionstraimí an chláir comhardaithe (e.g., caidhpeanna agus íosrátaí), ba cheart d'institiúidí breithniú stuama a dhéanamh, más ábhartha, ar an éifeacht a bheadh ag athnuachan a leithéid d'ionstraimí nuair a chuirtear ionstraimí eile le gnéithe inchomparáide ina n-áit, beag beann ar an toimhde caillteanais. Ní mór é seo a dhéanamh le haghaidh tréimhse ama stuama agus samhail ghnó an bhainc a bhreithniú.

4.3.5 Toimhdí tomhais IRRBB

103. Nuair a bhíonn IRRBB á thomhas, ba cheart go mbeadh tuiscint iomlán ag institiúidí ar agus go gcoimeádfaidís cuntas de phríomhthoimhdí iompair agus samhaltaithe. Ba cheart go mbeadh na toimhdí seo ailínithe le straitéisí gnó agus á dtástáil go rialta. Ba cheart cinneadh maidir leis na toimhdí seo a dhéanamh ar bhealach comhréireach agus ba cheart cuntas a dhéanamh de na tairseacha ábharthachta atá bunaithe in Airteagal 7(12), 8(2), 9(4), 11(3) agus 21(1) de na caighdeáin theicniúla rialála a shamhlaítear in Airteagal 84(5) de CRD.
104. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar riosca táirgí atá íogair do ráta úis atá nasctha le boilsciú nó le fachtóirí margaidh eile, ba cheart toimhdí stuama a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí na toimhdí seo a bhunú, mar shampla, ar an luach reatha/deiridh tugtha faoi deara, ar réamhaisnéisí institiúid chreidiúnach um thaighde eacnamaíoch nó cleachtais mhargaidh eile a bhfuil glacadh leo go ginearálta (i ndáil le boilsciú: cuair ionchais maidir le boilsciú réamhcheaptha, mar shampla).
105. Nuair a bhíonn IRRBB á thomhas, ba cheart oibleagáidí pinsin agus sócmhainní ráta pinsin a chur san áireamh mura bhfuil sonraí maidir le riosca an ráta úis curtha san áireamh i mbeart riosca eile.
106. Ba cheart d'institiúidí, i ndáil le bearta difriúla IRRBB, más cuí, toimhdí a chur san áireamh a rinneadh chun críche riosca a chainníochtú a bhaineann leis na réimsí seo a leanas ar a laghad:
- Feidhmiú roghanna ráta úis (uathoibríoch nó iompraíochta) na hinstiúide agus a boinn custaiméirí de réir cásanna sonracha ráta úis agus struis;
 - An cur chuige maidir le hiarmhéideanna agus sreafaí úis ag eascairt as NMDanna;
 - An cur chuige maidir le taiscí téarma sheasta a bhfuil riosca luathfhuascailte luaite leo;
 - An cur chuige maidir le hiasachtaí ráta sheasta agus gealltanais maidir le hiasachtaí ráta sheasta;

- e) An cur chuige maidir le cothromas dílse i mbearta inmheánacha maidir le luach eacnamaíoch;
- f) Impleachtaí cleachtas cuntasáochta ar thomhas IRRBB, agus go háirithe éifeachtacht cuntasáocht fálaithe; agus
- g) Bailíochtú toimhdí éagsúlaithe.

107. De bhrí go n-athraíonn dálaí margaidh, timpeallachtaí iomaíocha agus straitéisí le himeacht ama, ba cheart d'institiúidí athbhreithniú a dhéanamh ar thoimhdí tomhais suntasacha uair sa bhliain ar a laghad, agus níos minice nuair a bhíonn dálaí margaidh ag athrú go tapa.

a) Toimhdí iompair do chuntais custaiméirí a bhfuil roghnaíocht custaiméara leabaithe acu chun críche IRRBB

108. Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar impleachtaí roghnaíochta, ba cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- (a) An tionchar poitéinsiúil ar luasanna réamhíocaíochta reatha agus todhchaíochta iasachtaí ag eascairt as cás an ráta úis, an timpeallacht eacnamaíoch fholuiteach agus gnéithe conarthacha. Ba cheart d'institiúidí cuntas a dhéanamh de na gnéithe éagsúla a bhfuil tionchar acu ar na roghanna iompraíochta leabaithe.
- (b) Leaisteachas coigeartaithe rátaí táirgí chomh fada is a bhaineann le hathruithe ar rátaí úis an mhargaidh.
- (c) Ascnamh iarmhéideanna idir cineálacha táirgí mar thoradh ar athruithe ar ghnéithe, téarmaí agus coinníollacha.

109. Ba cheart go mbeadh beartais bunaithe ag institiúidí le haghaidh rialú agus sonrú, agus measúnú rialta príomhthoimhdí a bhaineann leis an gcur chuige i ndáil le míreanna laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe a bhfuil roghanna leabaithe sonraithe i gcreat a riosca maidir ráta úis. Ciallaíonn sé sin gur cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Gach táirge agus mír ábhartha atá faoi réir roghanna leabaithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ráta úis gearrtha nó ar dháta athphraghsála iompraíochta iarmhéideanna ábhartha a shainaithint (seachas dáta na haibíochta conarthaí);
- (b) Straitéisí oiriúnacha praghsála agus maolaithe riosca a bheith acu (e.g., úsáid a bhaint as díorthaigh) chun tionchar roghnaíochta a bhainistiú laistigh den inghlacthacht riosca, a bhféadfaí á áireamh ann luathfhuascailt pionós atá inmhuirir i leith an chustaiméara mar fhritháireamh i ndáil leis na costais faoisimh phoitéinsiúla (má cheadaítear a leithéid);
- (c) A áirithiú go bhfuil samhaltú príomhthoimhdí iompraíochta inchosanta i ndáil leis na sonraí stairiúla foluiteacha, agus bunaithe ar hipitéisí stuama;

- (d) A bheith in ann a léiriú go bhfuil samhaltú beacht in úsáid (cúltástáilte i gcomparáid le taithí);
 - (e) Doiciméid chuí maidir le toimhdí a choimeád ina mbeartais agus nósanna imeachta, agus próiseas a bhunú chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu;
 - (f) Íogaireacht aschur tomhais riosca na hinstiúide a thuiscint, lena n-áirítear tástáil struis a dhéanamh ar thoimhdí agus torthaí a leithéid sin de thástálacha a chur san áireamh i gcinntí a bhaineann le leithdháileadh caipitil inmheánach; agus
 - (g) Na toimhdí seo a bhailíochtú go himmheánach go rialta chun a gcobhsaíocht a fhíorú le himeacht ama agus chun iad a choigeartú más gá.
110. Níor cheart go mbeadh taiscí neamhaibíochta ó chustaiméirí airgeadais faoi réir samhaltaithe iompraíochta ach amháin más taiscí oibriúcháin atá i gceist mar atá sainithe in Airteagal 27(1)(a) de Rialachán Tarmiligthe LCR.
111. Seachas an coigilteas rialaithe dá dtagraítear dó i mír (a) d'Airteagal 428f(2) de CRR, ach nach bhfuil teoranta don chuid lárnach, agus an coigilteas lena mbaineann srianta eacnamaíochta nó fioscacha ábhartha, ba cheart go mbeadh an dáta athphraghsála iompraíochta toimhdithe le haghaidh taiscí miondíola agus taiscí mórdhíola ó chustaiméirí neamhairgeadais agus taiscí oibríochtúla dá dtagraítear dóibh i mír 110, gan aon dátaí athphraghsála sonracha (taiscí neamhaibíochta), srianta do mheándáta athphraghsála ualaithe uasta de 5 bliana. Baineann an chaidhp 5 bliana leis an méid iomlán (i.e., bunúsach agus neamhbhunúsach) de phunann chomhiomlán na dtaiscí sin agus ar leithligh le gach airgeadra.
112. Nuair a bhíonn toimhdí iompraíochta á ndéanamh maidir le cuntais nach bhfuil dátaí sonracha athphraghsála luaite leo chun críche riosca an riosca úis a bhainistiú, ba cheart d'institiúidí an méid seo a leanas a áirithiú:
- (a) Tá siad in ann iarmhéideanna 'bunúsacha' a shainaithint – i.e., taiscí atá cobhsaí agus ar dócha nach mbeidh athphraghsáil luaite leo fiú má thugtar athruithe suntasacha ar thimpeallacht an ráta úis faoi deara, agus/nó taiscí eile a bhféadfadh a leaisteachas teoranta d'athruithe ráta úis a bheith á samhaltú ag bainc.
 - (b) Ba cheart go léireofaí i dtoimhdí samhaltaithe le haghaidh na dtaiscí seo saintréithe taisceoirí (e.g., miondíol/mórdhíol) agus saintréithe cuntais (e.g., idirbheartaíochta/neamh-idirbheartaíochta). Tá cur síos arleibhéil ar na catagóirí thuasluaite le fáil thíos:
 - i. Áirítear i measc taiscí idirbheartaíochta miondíola taiscí neamhúsmhara agus cuntais mhiondíola eile nach bhfuil a gcomhpháirt luacha saothair ábhartha do chinneadh an chliaint airgead a shealbhú sa chuntas.

- ii. Áirítear i measc taiscí neamh-idirbheartaíochta miondíola cuntais mhiondíola (lena n-áirítear cuntais rialaithe) a bhfuil a gcomhpháirt luacha saothair ábhartha do chinneadh an chliaint airgead a shealbhú sa chuntas.
 - iii. Áirítear i dtaiscí mórdhíola cuntais ó chliaint chorparáideacha agus ó chliaint mhórdhíola eile, seachas cuntais idirbhainc nó cuntais eile atá íogair do phraghas.
- (c) Measúnú a dhéanamh ar an ascnamh poitéinsiúil idir taiscí gan dátaí athphraghsála sonracha agus taiscí eile a d'fhéadfaí a mhodhnú, i gcásanna difriúla ráta úis, príomhthoimhdí samhaltaithe iompraíochta.
- (d) Srianta diúltacha ar athphraghsáil taiscí miondíola a bhreithniú i dtimpeallachtaí ráta úis íseal nó diúltach agus an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid de shrianta ar chobhsaíocht taiscí i gcásanna difriúla ráta úis.
- (e) A áirithiú go bhfuil toimhdí maidir le meath iarmhéideanna bunúsacha agus samhaltaithe stuama agus oiriúnach chomh fada is a bhaineann le cothromaíocht a áirithiú idir buntáistí do ghlanioncam úis agus an riosca a bhaineann le luach eacnamaíoch breise a bhaineann le toradh ar ráta úis todhchaíoch a shonrú i ndáil leis na sócmhainní atá á maoiniú ag na hiarhmhéideanna seo, agus an t-ioncam poitéinsiúil tarscaoilte i dtimpeallacht ina bhfuil an ráta úis ag méadú.
- (f) Trí bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le modhanna staitistiúla nó cainníochtúla chun cinneadh a dhéanamh maidir le dáta athphraghsála iompraíochta agus próifíl shreabhadh airgid na NMDanna, b'fhéidir go gceanglódh an cinneadh maidir le toimhdí samhaltaithe oiriúnacha le haghaidh NMDanna (i.e., i gcomhthéacs réamhbhreathnaitheach), ionchur ó shaineolaithe difriúla laistigh den institiúid (e.g., an roinn bainistíochta riosca agus rialaithe riosca, díolachán agus státchiste).
- (g) Doiciméid chúí maidir leis na toimhdí seo a choimeád ina mbeartais agus nósanna imeachta, agus próiseas a bhunú chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu.
- (h) An tionchar atá ag na toimhdí ar na haschuir tomhais riosca atá roghnaithe ag an institiúid agus cinntí inmheánacha maidir le leithdháileadh caipitil, lena n-áirítear anailísí íogaireachta ar phríomhpharaiméadair a ríomh ar bhonn tréimhsiúil (e.g., céatadán agus aibíocht iarmhéideanna bunúsacha ar chuntais agus ráta idirmheánach) agus na bearta a bhfuil téarmaí conarthacha seachas toimhdí iompraíochta in úsáid acu chun tionchar na dtoimhdí ar bhearta difriúla IRRBB a leithlisiú.
- (i) Tástáil struis a dhéanamh chun íogaireacht na mbeart riosca roghnaithe d'athruithe ar phríomhthoimhdí a thuiscint, agus torthaí a leithéid de thástálacha a chur san áireamh i gcinntí inmheánacha maidir le leithdháileadh caipitil.

b) Toimhdí pleanála corparáid do chaipiteal cothromais dílse chun críche IRRBB

113. Sa chás go gcinneann institiúidí glacadh le beartas a bhfuil sé mar aidhm leis tuilleamh a eascraíonn as cothromas dílse a chobhsaí, ba cheart dóibh an méid seo a leanas a áirithiú:
- (a) Tá modheolaíocht oiriúnach forbartha acu chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na gnéithe de chaipiteal cothromais ba cheart glacadh leo mar ghnéithe atá incháilithe chomh fada is a bhaineann le cur chuige mar sin;
 - (b) Cinneadh a dhéanamh maidir le céard é próifíl aibíochta infheistíochta stuama don chaipiteal cothromais incháilithe a áirithíonn go bhfuil cothromaíocht idir buntáistí an chobhsaithe ioncaim ag eascairt as suíomhanna seasta toraidh níos fadtéarmaí i ndáil le hógairacht bhreise luach eacnamaíoch na suíomhanna seo faoi strus ráta úis, agus an riosca a bhaineann le tearcfheidhmíocht tuillimh má ardaíonn rátaí;
 - (c) Doiciméid chuí maidir leis na toimhdí seo a choimeád ina mbeartais agus nósanna imeachta, agus próiseas a bhunú chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu;
 - (d) Teacht ar thuiscint ar thionchar na próifíle aibíochta roghnaithe ar na haschuir tomhais riosca atá roghnaithe ag an institiúid, lena n-áirítear trí ríomh rialta na mbeart gan caipiteal cothromais a chur san áireamh chun na héifeachtaí ar pheirspictíochtaí beart difriúil IRRBB a leithlisiú; agus
 - (e) Tástáil struis a dhéanamh chun íogaireacht na mbeart riosca d'athruithe ar phríomhthoimhdí a bhaineann le caipiteal cothromais a thuiscint, agus torthaí a leithéid de thástálacha a chur san áireamh i gcinntí inmheánacha maidir le leithdháileadh caipitil IRRBB.
114. Nuair a bhíonn cinneadh maidir le toimhdí an téarma infheistíochta a bhaineann le caipiteal cothromais á dhéanamh, ba cheart d'institiúidí suíomhanna cobhsaíochta ioncaim a sheachaint a laghdaíonn a gcumas dul in oiriúint d'athruithe suntasacha ar an timpeallacht bhunúsach eacnamaíoch agus ghnó.
115. Ba cheart na toimhdí maidir le téarma infheistíochta a úsáidtear chun na rioscaí a bhaineann le hógairachtaí beart difriúil IRRBB a eascraíonn as caipiteal cothromais a bhreithniú mar chuid den ghnáth-thimthriall pleanála corparáidí, agus níor cheart a leithéid de thoimhdí a leasú chun athrú ar ionchais na hinstiúide maidir le conair rátaí úis na todhchaí a léiriú. Ba cheart aon úsáid a bhaintear as punanna díorthach nó sócmhainní chun an phróifíl infheistíochta inmhianaithe a bhaint amach a dhoiciméadú agus a thaifeadh go soiléir.
116. Sa chás nach bhfuil toimhdí sainráite sonraithe ag institiúid do théarma infheistíochta an chaipitil cothromais nó go bhfuil na toimhdí atá sonraithe gearrthéarma go sainráite, ba cheart don institiúid a áirithiú go bhfuil ar chumas a chóras agus eolas bainistíochta impleachtaí an chur chuige roghnaithe ar luaineacht an ioncaim úis agus luach eacnamaíoch a shainaitint.

4.4 Córais inmheánacha neamhshásúla IRRBB

117. Cumhachtaíonn Mír 3 d'Airteagal 84 de Threoir 2013/36/AE údaráis inniúla chun ceangal a chur ar institiúid an mhodheolaíocht chaighdeánaithe dá dtagraítear di i mír 1 d'Airteagal 84 CRD a úsáid *“sa chás nach bhfuil na córais inmheánacha atá á gcur chun feidhme ag an institiúid sin chun críche meastóireacht a dhéanamh ar an rioscaí dá dtagraítear dóibh sa mhír sin sásúil”*.
118. Ar a laghad, ba cheart córais inmheánacha shásúla a chur chun feidhme de réir na dTreoirínte seo, agus ba cheart prionsabal na comhréireachta a chur san áireamh.
119. Go sonrach, ba cheart a bhreithniú nach bhfuil córais inmheánacha sásúil sna cásanna seo a leanas ar a laghad:

- (a) Ba cheart a bhreithniú go bhfuil IMS neamhshásúil chun críche mhír 3 d'Airteagal 84 CRD má mheasann údaráis inniúla, ar bhonn an cháis, nach gclúdaíonn na modhanna curtha chun feidhme gach comhpháirt ábhartha de riosca an ráta úis (riosca bearna, riosca boinn, riosca roghanna), agus/nó nach gcuimsítear i mbearta, ar bhonn stuama, gach gné ábhartha de rioscaí le haghaidh sócmhainní, dliteanas agus ionstraimí suntasacha lasmuigh den chlár comhardaithe (e.g., NMD, iasachtaí, roghanna) leabhar neamhtrádála an bhainc.

Déantar cur síos in Iarscríbhinn I ar liosta neamhshriantach modhanna chun IRRBB a thomhas mar aon le heolas maidir leis na srianta atá luaite leo.

Nuair a bhíonn a neamhchosaint ar IRRBB á tomhas, níor cheart d'institiúidí díriú díreach ar na modhanna atá liostaithe in Iarscríbhinn I d'fhonn a áirithiú go bhfuil gnéithe ábhartha riosca an ráta úis curtha san áireamh go cuí.

- (b) Ba cheart a bhreithniú go bhfuil IMS míshásúil mura bhfuil siad calabraithe, cúlástáilte agus athbhreithnithe bunaithe ar a bparaiméadair ábhartha ag minicíocht oiriúnach agus tacaíthe ag rialachas cuí agus doiciméid ina mbreithnítear nádúr, scála agus castacht IRRBB atá fréamhaithe sa tsamhail ghnó agus i ngníomhaíochtaí na hinstiúide.

Ba cheart d'institiúidí mír 71 - 79 de na Treoirínte seo a chomhlíonadh go cuí ag féachaint go háirithe d'athbhreithniú agus do bhailíochtú (ag minicíocht chuí, lena n-áirítear cúlástáil), rialachas, beartais riosca agus rialuithe.

4.5 Sainithint agus measúnú CSRBB

4.5.1 Teorainn CSRBB

120. Cuimsítear dhá ghné in CSRBB:

- (a) Athruithe ar an “raon difríochta creidmheasa margaidh” nó “margadhphraghas an riosca creidmheasa” (ar leithligh ón raon difríochta creidmheasa neamhghnách)⁸ arb ionann é agus an phréimh riosca creidmheasa a cheanglaíonn rannpháirtithe margaidh le haghaidh cáilíocht chreidmheasa ar leith;⁹
- (b) Athruithe an “raon difríochta leachtachta margaidh” a dhéanann ionadaíocht ar an bpréimh leachtachta a spreagann inghlacthacht mhargaidh d'infheistíochtaí agus láithreach ceannaitheoirí agus díoltóirí toilteanacha;
121. Ní chuimsítear in CSRBB éifeacht na n-athruithe ar cháilíocht chreidmheasa i rith na tréimhse breathnóireachta (i.e., íosghrádú rátála catagóire/uasghrádú contrapháirtí nó ionstraim shonrach, a nglactar leis mar riosca imirce). Go háirithe, níor cheart go mbeadh aon tionchar dearfach ag meathlú cháilíocht chreidmheasa institiúide ar an mbeart maidir le riosca raoin difríochta creidmheasa. Ba cheart d'institiúidí aon fhorluí leis an gcreat bainistíochta riosca coigeartaithe luach creidmheasa a sheachaint nuair a bhíonn CSRBB á mheas.
122. Ní chuirtear neamhchosaintí neamhthuillmheacha san áireamh in CSRBB.
123. Nuair a bhíonn athruithe ar an bpréimh riosca chreidmheasa agus gluaiseachtaí préimhe leachtachta á meas, féadfaidh institiúidí gnéithe sonracha airgeadra a bhreithniú (i.e., EUR, USD, etc.) mar ghné ábhartha do raon difríochta creidmheasa margaidh agus do raon difríochta leachtachta margaidh.
124. Níor cheart d'institiúidí aon ionstraim sa leabhar baincáireachta a chur as an áireamh ó theorainn CSRBB ex ante, lena n-áirítear sócmhainní, dliteanais, díorthaigh agus míreanna eile lasmuigh den chlár comhardaithe cosúil le gealltanais iasachta, beag beann ar an gcur chuige cuntasáochta. Ba cheart aon eisiámh poitéinsiúil ionstraimí ón teorainn ábhartha a chur san áireamh mura bhfuil íogaireacht do riosca raoin difríochta creidmheasa le tabhairt faoi deara agus ba cheart a leithéid a dhoiciméadú agus a fhírinniú go cuí. I gcás ar bith, níor cheart d'institiúidí sócmhainní a bhfuil cuntas déanta orthu ag cóirluach a chur as an áireamh.
125. Gan dochar do mhír 12, cuirfear san áireamh gnóthaí beaga a bhaineann leis an leabharthrádála, arna míniú i mír 1 d'Airteagal 94 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mura bhfuil an riosca raoin difríochta creidmheasa curtha san áireamh i mbeart riosca eile.

4.5.2 Rialachas agus straitéis CSRBB

126. Ba cheart straitéis CSRBB na hinstiúide, lena n-áirítear an inghlacthacht riosca le haghaidh CSRBB a áireamh sa straitéis fhoriomlán, go háirithe na cuspóirí straitéiseacha agus na cuspóirí

⁸ Léirítear sa raon difríochta creidmheasa neamhghnách an riosca creidmheasa sonracha a bhaineann le cáilíocht chreidmheasa an iasachtaí aonair (ina léireofar measúnuithe ar na rioscaí a eascraíonn ón earnáil agus ó shuíomh geografach an iasachtaí) agus gnéithe sonracha na hionstraimhe creidmheasa (e.g., cibé acu an banna nó díorthach atá i gceist).

⁹ Mar shampla, ní mór go soláthródh an toradh breise a d'eisigh ionstraim fiachais eintiteas AA-rátáilte a tháirgeadh seachas rogha mhalartach atá saor ó riosca.

riosca, nach mór don chomhlacht bainistíochta iad a fhorfhormheas mar atá sonraithe i bhfomhír (2), litir (a) d'Airteagal 88(1) de Threoir 2013/36/AE.

127. Ba cheart inghlacthacht riosca na hinstiúide do CSRBB a léiriú i dtéarmaí atá bunaithe ar thionchar na raonta creidmheasa luaineacha ar bhearta difriúla CSRBB. Ba cheart d'institiúidí atá neamhchosanta go suntasach ar CSRBB é seo a léiriú go cuí laistigh dá n-inghlacthacht riosca.
128. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta bunaithe acu chun CSRBB a shainaithint, a thomhas agus a mhonatóiriú nuair a bhíonn táirgí nó gníomhaíochtaí nua á moladh. Ba cheart a áirithiú go bhfuil tuiscint mhaith ag daoine ar shaintréithe CSRBB na dtáirgí agus na ngníomhaíochtaí nua seo.
129. Ba cheart d'institiúidí comhdhlúthacháin a áirithiú go bhfuil socruithe agus próisis rialachais inmheánacha le haghaidh bhainistíú CSRBB comhsheasmhach agus comhtháite ar bhonn comhdhlúite agus fo-chomhdhlúite.

4.5.3 Creat bainistíochta riosca agus freagrachtaí CSRBB

130. I bhfianaise socruithe rialachais inmheánacha de bhua Airteagal 74 agus Airteagal 88 de Threoir 2013/36/AE, ba cheart d'institiúidí, i ndáil le CSRBB, an méid seo a leanas a áirithiú:
- (a) Is ar a gcomhlacht bainistíochta atá an fhreagracht iomlán as maoirseacht chreat bainistíochta CSRBB, creat bainistíochta CSRBB agus creat inghlacthachta riosca na hinstiúide chun na rioscaí a chlúdach go cuí. Féadfaidh an comhlacht bainistíochta, áfach, faireachán agus bainistíocht CSRBB a tharmligean chuig an bhfoireann bhainistíochta shinsearach, saineolaithe aonair nó coiste bainistíochta sócmhainní agus dliteanas faoi choinníollacha atá sonraithe tuilleadh i mír 132.
 - (b) Tá creat bainistíochta CSRBB bunaithe acu ina mbunaítear línte soiléire freagrachtaí agus ina gcuimsítear beartais, próisis agus rialuithe inmheánacha lena n-áirítear athbhreithnithe agus meastóireachtaí neamhspleácha rialta ar éifeachtacht an chreata.
 - (c) Tá na socruithe, próisis agus sásraí dá dtagraítear dóibh don mheasúnú ar CSRBB cuimsitheach agus i gcomhréir le cineál, scála agus castacht na rioscaí bunúsacha a bhaineann leis an tsamhail ghnó agus le gníomhaíochtaí na hinstiúide.
131. Ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta nó a thoscairí freagrach as an méid seo a leanas go háirithe:
- (a) Cineál agus leibhéal na neamhchosanta CSRBB a thuiscint. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil treoir shoiléir ann maidir le hinghlacthacht riosca do CSRBB i ndáil le straitéisí gnó na hinstiúide.

- (b) A áirithiú go ndéantar na gníomhaíochtaí cuí chun CSRBB a mheas agus faireachán a dhéanamh orthu, comhsheasmhach leis na straitéisí agus beartais atá formheasta. Chuige sin, tá an comhlacht bainistíochta nó a thoscairí freagrach as an méid seo a leanas a shonrú:
- i. Córais agus caighdeáin chun faireachán a dhéanamh ar CSRBB, suíomhanna a luacháil agus a feidhmíocht a mheas, lena n-áirítear nósanna imeachta chun turraing, paraiméadair agus cásanna struis agus príomhthoimhdí bunúsacha atá mar bhonn le hanailís CSRBB na hinstitiúide a nuashonrú;
 - ii. Próiseas cuimsitheach chun CSRBB a thuairisciú agus a athbhreithniú; agus
 - iii. Rialuithe inmheánacha éifeachtacha agus córais faisnéis bainistíochta (MISanna).
- (c) Mórthionscnaimh glactha rioscaí CSRBB a fhorpheas roimh iad a chur chun feidhme. Ba cheart suíomhanna a bhaineann le haistrithe riosca inmheánacha idir an leabhar neamhthrádála agus an leabhar trádála a dhoiciméadú go cuí.
- (d) Maoirseacht a dhéanamh ar fhorpheas, cur chun feidhme agus athbhreithniú bheartais agus nósanna bainistíochta CSRBB. Ba cheart leibhéal agus athruithe ar neamhchosaint CSRBB na hinstitiúide a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta go rialta.
- (e) Ba cheart a áirithiú go bhfuil bailíochtú mhodhanna tomhais CSRBB agus measúnú an riosca chomhfhreagraigh de bharr samhaltaithe san áireamh i bpróiseas beartais fhoirmiúil ar cheart don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí é a athbhreithniú agus a fhorpheas.
- (f) Tuiscint agus measúnú ar fheidhmiú a thoscairí i ndáil le faireachán agus rialú CSRBB, comhsheasmhach le beartais atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta, bunaithe ar athbhreithnithe rialta ar fhaisnéis thráthúil atá sách mionsonraithe.
- (g) Impleachtaí straitéisí CSRBB na hinstitiúide a thuiscint agus na naisc a d'fhéadfadh a bheith acu le riosca margaidh, leachtachta, creidmheas agus oibriúcháin ach gan a cheangal gur saineolaithe sa réimse iad baill uile an chomhlachta bainistíochta. Ba cheart go mbeadh dóthain eolais theicniúil ag roinnt ball chun tuarascálacha a chuirtear faoi bhráid an chomhlachta bainistíochta a cheistiú agus a ndúshlán a thabhairt. Ba cheart don institiúid a shoiléiriú go bhfuil baill an chomhlachta bainistíochta freagrach as a áirithiú go bhfuil an fhoireann bhainistíochta shinsearach in ann CSRBB a thuiscint agus go bhfuil dóthain acmhainní curtha ar fáil d'fhoireann bhainistíochta CSRBB.
132. Ba cheart go mbeadh socruithe agus nósanna imeachta tarmligin bunaithe ag institiúidí ionas gur féidir leis an gcomhlacht bainistíochta aon chúraimí measúnaithe nó faireacháin CSRBB a tharmligean, lena n-áirítear, ach níl teoranta do:
- (a) Ba cheart daoine nó coistí a bhfuil cúraimí an chomhlachta bainistíochta tarmligthe dóibh chun beartais agus cleachtais CSRBB a fhorbairt, cosúil leis an bhfoireann bhainistíochta

shinsearach, saineolaithe aonair nó ALCO, a shainithint agus ba cheart go mbeadh a gcuiduspóirí sonrathaithe go soiléir ag an gcomhlacht bainistíochta;

- (b) Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil freagrachtaí á ndeighilt go cuí sa phróiseas bainistíochta riosca. Ba cheart go mbeadh freagrachtaí arna míniú go soiléir ag feidhmeanna sainaitheanta, measúnaithe, faireacháin agus rialaithe CSRBB, ba cheart go mbeidís neamhspleách ar fheidhmeanna glactha rioscaí CSRBB agus ba cheart dóibh neamhchosaintí ar CSRBB a thuirisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí;
- (c) Ba cheart don institiúid a áirithiú go bhfuil línte soiléire údarais ag toscairí an chomhlachta bainistíochta i ndáil leis na haonaid atá freagrach as rioscaí maidir le CSRBB a ghlacadh. Ba cheart go mbeadh an cainéal cumarsáide chun treoracha na dtoscairí a chur in iúl do na haonaid líne seo soiléir; agus
- (d) Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a bhunú go gcuireann struchtúr na hinstitiúide ar chumas a thoscairí a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh, agus cinnteoireacht agus rialachas éifeachtach a éascú. Chuige sin, ba cheart do ALCO, nó a chomhionann, bualadh lena chéile go rialta agus ba cheart go mbeadh ionadaithe ó gach roinn mhór atá nasctha le CSRBB páirteach. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta tacú le plé maidir le próiseas bainistíochta CSRBB, idir na baill agus toscairí agus idir na toscairí agus daoine eile san institiúid. Chomh maith leis sin, ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go n-éascaíonn cumarsáid rialta idir na réimsí bainistíochta riosca agus pleanála straitéisí faireachán ar an riosca a eascraíonn as gnó a dhéanfar amach anseo.

4.5.4 Beartas, próisis agus rialuithe riosca CSRBB

Beartais agus próisis riosca

133. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta, bunaithe ar a straitéis fhoriomlán CSRBB, glacadh le beartais, próisis agus córais riosca láidre a bheidh mar bhonn leis an méid seo a leanas a áirithiú:
- (a) Nósanna imeachta bunaithe chun cásanna a nuashonrú ar mhaithe le CSRBB a mheas agus faireachán a dhéanamh air;
 - (b) tá an cur chuige tomhais agus na toimhdí comhfhreagracha chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí CSRBB, oiriúnach agus comhréireacht;
 - (c) déantar athbhreithniú rialta ar thoirimhdí na samhlacha a úsáidtear agus, más gá, leasaítear iad;
 - (d) sainmhínítear na caighdeáin atá luaite le meastóireacht a dhéanamh ar shuíomhanna agus feidhmíocht a thomhas;

- (e) tá na línte údaráis agus freagrachta a bhaineann le neamhchosaintí ar CSRBB a bhainistiú mínithe.
134. Ba cheart go mbeadh na beartais seo ciallmhar, stuama agus doiciméadaithe agus ba cheart go ndéileálfá iontu le gach comhpháirt de CSRBB atá tábhachtach i ndáil le himthosca aonair na hinstitiúide. Gan dochar do phrionsabal na comhréireachta, ba cheart go n-áireofaí i mbeartais CSRBB:
- (a) Cur i bhfeidhm na teorann idir ‘leabhar neamhtrádála’ agus ‘leabhar trádála’. Ba cheart aistriú riosca inmheánacha idir an leabhar baincúireachta agus an leabhar trádála a dhoiciméadú agus faireachán cuí a dhéanamh orthu;
- (b) Méid agus foirm na dturraingí raoin difríochta atá le húsáid do ríomhanna inmheánacha CSRBB faoi seach.
135. D’fhonn a áirithiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta bainistíochta institiúide CSRBB oiriúnach agus fónta, ba cheart don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta bainistíochta CSRBB i bhfianaise thorthaí na dtuarascálacha rialta.
136. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí a áirithiú go bhfuil gníomhaíochtaí anailíse agus bainistíochta riosca a bhaineann le CSRBB á gcur i gcrích ag baill foirne oiriúnacha agus inniúla a bhfuil an t-eolas agus an taithí theicniúil acu atá comhsheasmhach le cineál agus raon feidhme ghníomhaíochtaí na hinstitiúide.

Rialuithe inmheánacha

137. Chomh fada is a bhaineann le beartais agus nósanna imeachta rialaithe CSRBB, ba cheart go mbeadh próisis faofa oiriúnacha ag institiúidí, athbhreithnithe agus sásraí eile atá deartha chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil cuspóirí bainistíochta riosca á gcomhlíonadh.
138. Ba cheart d’institiúidí a áirithiú go bhfuil á bpróisis aitheantais, tomhais, faireacháin agus rialaithe CSRBB á n-athbhreithniú ag feidhm iniúchta neamhspleách, iniúchóir inmheánach nó seachtrach, ar bhonn rialta. I gcásanna dá leithéid, ba cheart tuarascálacha atá scríofa ag iniúchóirí inmheánacha nó seachtracha nó páirtithe seachtracha comhionanna a chur ar fáil do na húdaráis inniúla ábhartha.

Córas TF agus cáilíocht sonraí CSRBB

139. Ba cheart go mbeadh na córais TF agus na feidhmchláir atá in úsáid ag an institiúid chun oibríochtaí a dhéanamh, a phróiseáil agus a thaifeadadh, chun neamhchosaintí a shainiú, a thomhas agus a chomhiomlánú, agus chun tuarascálacha a ghiniúint, in ann tacú le bainistíocht CSRBB go tráthúil agus go beacht. Go háirithe, ba cheart do na córais tacú leis an méid seo a leanas:

- (a) Sonraí maidir le raon difríochta creidmheasa gafa maidir le neamhchosaintí uile ar CSRBB na hinstitiúide. Ba cheart go dtacódh sé seo le córas tomhais na hinstitiúide chun mórfhoinsí neamhchosaintí ar CSRBB a shainathint, a thomhas agus a chomhiomlánú;
 - (b) A bheith in ann gach idirbheart a dhéanann an institiúid a thaifeadadh go hiomlán agus go soiléir, agus a saintréithe CSRBB a chur san áireamh;
 - (c) A bheith saincheaptha do chastacht agus don líon idirbheart a raibh CSRBB á chruthú acu;
 - (d) A bheith sách solúbtha chun freastal ar raon réasúnta cásanna turrainge agus struis CSRBB agus aon chásanna breise;
 - (e) Cur ar chumas na n-institiúidí an tionchar atá acu ar idirbhearta aonair dá neamhchosaint fhoriomlán a thomhas, a mheas agus faireachán a dhéanamh orthu;
 - (f) A bheith in ann bearta CSRBB a ríomh.
140. Ba cheart go mbeadh an córas TF in ann saintréithe raon difríochta creidmheasa na dtáirgí a thaifeadadh.
141. Ba cheart go mbeadh na córais atá in úsáid chun CSRBB a thomhas in ann eolas maidir le saintréithe CSRBB gach táirge a ghabháil.
142. Ba cheart go mbeadh bearta riosca bunaithe ar shonraí margaidh agus inmheánacha iontaofa. Ba cheart d'institiúidí grinnscrúdú a dhéanamh ar chaighdeán foinsí seachtracha eolais a úsáidtear chun bunachair sonraí stairiúla de raonta difríochta creidmheasa a bhunú, mar aon le minicíocht nuashonraithe na mbunachar sonraí.
143. D'fhonn caighdeán ard sonraí a áirithiú, ba cheart d'institiúidí próisis oiriúnacha a chur chun feidhme a áirithíonn go bhfuil na sonraí a iontráiltear sa chóras TF ceart. Ba cheart ionchur sonraí a dhéanamh a dhéanamh ar bhonn uathoibríthe oiread agus is féidir chun earráidí riaracháin a laghdú, agus ba cheart athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar mhapáil sonraí agus iad a thástáil i gcomparáid le leagan faofa den tsamhail. Lena chois sin, ba cheart go mbeadh dóthain doiciméad ar fáil maidir leis na mórfhoinsí sonraí a úsáidtear i bpróiseas tomhais riosca na hinstitiúide. Chomh maith leis sin, ba cheart d'institiúidí sásraí oiriúnacha a bhunú chun ceartaiseacht an phróisis comhiomlánaithe agus iontaofacht thorthaí na samhla a fhíorú. Ba cheart go ndeimhneodh na sásraí seo beachtas agus iontaofacht na sonraí.
- Tuairisciú inmheánach**
144. Ba cheart do chórais inmheánacha tuairisciú ar rioscaí institiúidí eolas tráthúil, beacht agus cuimsitheach maidir le neamhchosaintí ar CSRBB a sholáthar. Ba cheart tuarascálacha inmheánacha a chur ar fáil gach ráithe ar a laghad.
145. Ba cheart na tuarascálacha inmheánacha a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscáirí mar aon le heolas ag leibhéil ábhartha chomhiomlánaithe (bunaithe ar leibhéal

comhdhlúthacháin) agus athbhreithniú a dhéanamh orthu go rialta. Ba cheart go mbeadh leibhéal eolais le fáil sna tuarascálacha atá curtha in oiriúint don leibhéal bainistíochta ábhartha (e.g., comhlacht bainistíochta, foireann bhainistíochta shinsearach) agus do staid shonrach na hinstitiúide agus na timpeallachta eacnamaíche.

146. Ba cheart go mbeadh eolas comhiomlán le fáil i dtuarascálacha CSRBB mar aon le dóthain sonraí tacaíochta chun cur ar chumas an chomhlachta bainistíochta nó a thoscairí measúnú a dhéanamh ar íogaireacht na hinstitiúide d'athruithe ar dhálaí margaidh agus fachtóirí riosca tábhachtacha eile. Ba cheart go mbeadh léargas le fáil in ábhar na dtuarascálacha ar athruithe ar phróifíl riosca na hinstitiúide agus sa timpeallacht eacnamaíoch agus ba cheart an neamhchosaint reatha a chur i gcomparáid le teorainneacha beartais.
147. Ba cheart go n-áireofaí i dtuarascálacha CSRBB, go rialta, torthaí na n-athbhreithnithe agus na n-iniúchtaí samhla mar aon le comparáidí idir réamhaisnéisí nó réamh-mheastacháin riosca a rinneadh roimhe seo agus torthaí iarbhír a bheidh mar bhonn le heolas a sholáthar faoi easnaimh shamhaltaithe a d'fhéadfaí a thabhairt faoi deara amach anseo. Ba cheart punanna a d'fhéadfadh a bheith faoi réir gluaiseachtaí suntasacha marcáil ón margadh a shainithint go soiléir agus ba cheart faireachán a dhéanamh ar an tionchar laistigh de MIS na hinstitiúide agus faoi réir maoirseachta de réir aon phunann eile atá neamhchosanta ar riosca margaidh.
148. Ainneoin go mbeidh na cineálacha tuarascálacha atá ullmhaithe don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscairí bunaithe ar chomhdhéanamh phunann na hinstitiúide, ba cheart go n-áireofaí iontu, ag cur mír 146 agus 147 san áireamh:
- (a) Achoimrí ar neamhchosaintí comhiomlána na hinstitiúide ar CSRBB bunaithe ar bhearta difriúla CSRBB. Ba cheart sócmhainní, dliteanais agus neamhchosaintí lasmuigh den chlár comhardaithe agus straitéisí atá mar bhonn le leibhéal agus treo CSRBB a shainithint agus a mhíniú; agus
 - (b) Príomhthoimhdí samhaltaithe.
149. Bunaithe ar na tuarascálacha seo, ba cheart go mbeadh an comhlacht bainistíochta nó a thoscairí in ann measúnú a dhéanamh ar íogaireacht na hinstitiúide d'athruithe ar dhálaí margaidh agus fachtóirí riosca tábhachtacha eile, ag tagairt go háirithe do phunanna a d'fhéadfadh a bheith faoi réir gluaiseachtaí suntasacha marcáil ón margadh.
150. Ba cheart go gcruthódh an córas tomhais inmheánach tuarascálacha i bhformáid a chuireann ar chumas leibhéal difriúil d'fhoireann bhainistíochta na hinstitiúide na tuarascálacha a thuiscint go héasca agus cinntí oiriúnacha a dhéanamh ar bhonn tráthúil. Ba cheart glacadh leis na tuarascálacha seo mar bhonn leis an bhfaireachán rialta ar cibé acu atá nó nach bhfuil an institiúid ag feidhmiú de réir a straitéise.

Rialachas samhla

151. Ba cheart d'institiúidí a áirithiú go bhfuil bailíochtú mhodhanna tomhais CSRBB — ar cheart iad a athbhreithniú agus a bhailíochtú neamhspleách ar a bhforbairt — agus measúnú an riosca

chomhfhreagraigh de bharr samhaltaithe san áireamh i bpróiseas beartais fhoirmiúil ar cheart don chomhlacht bainistíochta nó dá thoscáirí é a athbhreithniú agus a fhorghnó. Ba cheart an beartas seo a chomhtháthú laistigh de na próisis rialachais do bhainistíocht riosca na samhla agus ba cheart an méid seo a leanas a shonrú:

- (a) na ról bhainistíochta agus an duine atá freagrach as forbairt, bailíochtú, doiciméadú, cur chun feidhme agus úsáid samhlacha a ainmniú; agus
- (b) freagrachtaí maoirseachta na samhla agus beartais lena n-áirítear forbairt nósanna imeachta bailíochtaithe tosaigh agus leanúnacha, meastóireacht ar thorthaí, na próisis atá mar bhonn le faomhadh, rialú leagain, eisceacht, géarú, modhnú agus díchoimisiúnú.

4.6 Faireachán CSRBB

4.6.1 Cur chuige ginearálta maidir le faireachán CSRBB

- 152. Ba cheart d'institiúidí córais tomhais inmheánacha (IMSanna) stuama a chur chun feidhme a chuireann san áireamh gach comhpháirt agus foinse de CSRBB atá ábhartha do shamhail ghnó na hinstiúide.
- 153. Ba cheart d'institiúidí faireachán a dhéanamh ar a neamhchosaint ar CSRBB i dtéarmaí athruithe poitéinsiúla ar bhearta difriúla CSRBB. Ba cheart d'institiúidí úsáid a bhaint as gnéithe comhlántacha cur chuige difriúil chun eolas a bhailiú maidir le castacht CSRBB thar thréimhsí ama gearrthéarmacha agus fadtéarmacha. Go háirithe, ba cheart d'institiúidí na nithe seo a leanas a thomhas agus faireachán a dhéanamh orthu (i) tionchar foriomlán na bpríomhthoimhdí samhaltaithe ar bhearta difriúla CSRBB, agus (ii) CSRBB díorthach ráta úis a leabhair baincéireachta sa chás go bhfuil a leithéid ábhartha don tsamhail ghnó.

4.6.2 Modhanna chun faireachán a dhéanamh ar CSRBB

- 154. Ba cheart d'institiúidí a dtoimhdí agus modhanna ríofa féin a fhorbairt agus a úsáid chun CSRBB a mheas. Ba cheart go mbeadh an mhodheolaíocht tomhais a roghnaítear oiriúnach do leibhéal castachta an bhainc.
- 155. Ba cheart go dtuigfeadh an institiúid na srianta a bhaineann le gach uirlis agus samhail chainníochtúil a úsáidtear, agus ba cheart na srianta seo a chur san áireamh i bpróiseas bainistíochta riosca CSRBB. Nuair a bhíonn CSRBB á mheas, ba cheart d'institiúidí cuntas a dhéanamh de na rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar chur chuige cuntasáochta idirbheart sa leabhar neamhtrádála.
- 156. Mar eisceacht, i ndáil le cur chun feidhme praiticiúil mhír 120 agus chun críche comhréireachta, féadfaidh institiúidí comhphárteanna neamhghnácha a bhaineann leis an raon difríochta creidmheasa a chur san áireamh chun faireachán a dhéanamh ar CSRBB, chomh fada is go n-áirithítear go mbeidh torthaí níos coimeádaí mar thoradh ar na bearta.

4.6.3 Toimhdí maidir le faireachán CSRBB

157. Nuair a bhíonn CSRBB á thomhas, ba cheart go mbeadh tuiscint iomlán ag institiúidí ar na príomhthoimhdí samhaltaithe agus go mbeidís á ndoiciméadú acu. Ba cheart go mbeadh na toimhdí seo ailínithe le straitéisí gnó agus á dtástáil go rialta.
158. Ba cheart d'institiúidí cuntas a dhéanamh d'impleachtaí na gcleachtas cuntasaíochta chun CSRBB a thomhas, go háirithe bearta maidir le glanioncam úis móide athruithe ar mhargadhluach.
159. Má tá iontaofacht agus cobhsaíocht toimhdí éagsúlaithe á mbailíochtú agus á ndoiciméadú go cuí; b'fhéidir go mbeadh éagsúlú idir CSRBB agus IRRBB indéanta. Faoin gcoinníoll céanna, b'fhéidir go bhféadfaí úsáid a bhaint as toimhdí éagsúlaithe idir CSRBB agus rioscaí eile. Ba cheart na héifeachtaí éagsúlaithe a mheas ar bhonn coimeádach ionas gur féidir glacadh leis go mbeidh siad sách cobhsaí fiú i rith cor chun donais gheilleagraigh agus i gcomhthéacs dálaí margaidh atá neamhfhabhrach do struchtúr gnó agus riosca na hinstitiúide. I gcás ar bith, ba cheart d'institiúidí measúnuithe aonair a dhéanamh ar CSRBB agus rioscaí eile (lena n-áirítear IRRBB).
160. De bhrí go n-athraíonn dálaí margaidh, timpeallachtaí iomaíocha agus straitéisí le himeacht ama, ba cheart d'institiúidí athbhreithniú a dhéanamh ar thoimhdí tomhais suntasacha uair sa bhliain ar a laghad, agus níos minice nuair a bhíonn dálaí margaidh ag athrú go tapa.
161. Chun críche CSRBB, ba cheart d'institiúidí doiciméid stuama a bhunú chun tacú le toimhdí agus nósanna imeachta a mbeartas, agus próiseas chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh orthu a bhunú. Ba cheart go dtuigfeadh institiúidí, chun críche CSRBB, tionchar na straitéisí infheistíochta a bhaineann le CSRBB atá roghnaithe.

Iarscríbhinn I – modhanna tomhais IRRBB (liosta nach bhfuil uileghabhálach)

Samhaltú sreabhaidh airgid	Méadracht	Cur síos	Rioscaí gafa	Srianta na méadrachta
Sreafaí airgid neamhchoinníollacha (glactar leis go bhfuil uainiú sreafaí airgid neamhspleách ar an gcás sonrach a bhaineann le ráta úis)	<p>Bunaithe _____ ar Ghlanioncam Úis:</p> <ul style="list-style-type: none"> Anailís ar bhearnaí: Bearna athphraghsála Béim ar chomhpháirt an ghlanioncaim úis (NII): Athrú NII 	<p>Mar thoradh ar anailís ar bhearnaí leithdháiltear gach ionstraim ábhartha atá íogair do ráta úis i dtréimhsí ama réamshainithe bunaithe ar na dátaí athphraghsála nó aibíochta atá luaite leo, atá seasta ar bhonn conarthach nó bunaithe ar thoimhdí iompair. Ríomhtar glansuíomhanna (“bearnaí”) i ngach tréimhse ama. Déantar an t-athrú ar glanioncam ráta úis a neasú bunaithe ar athrú ar an gcuar toraidh trí gach glansuíomh a mhéadú faoin athrú comhfhreagrach ar an ráta úis.</p>	Riosca bearna (riosca comhthreomhar amháin)	<ul style="list-style-type: none"> Neasaíonn an mhéadracht seo an riosca bearna ar bhonn líneach. Tá sé bunaithe ar an toimhde go n-aibítear nó go n-athphraghsáiltear gach suíomh laistigh de theorainn ama ar leith go comhuaineach. Teipeann air riosca boinn agus roghanna a thomhas.
	<p>Luach eacnamaíoch:</p> <ul style="list-style-type: none"> Anailís ar an tréimhse ama: Tréimhse mhodhnaithe/PV01 de chothromas 	<p>Neasaíonn an tréimhse mhodhnaithe an t-athrú coibhneasta ar ghlanluach reatha ionstraim airgeadais mar gheall ar athrú comhthreomhar imeallach, pointe céatadáin amháin, ar an gcuar toraidh. Tomhaiseann <i>tréimhse ama mhodhnaithe cothromais</i> neamhchosaint institiúide ar riosca bearna ina leabhar neamhthrádála. Díorthaítear PV01 de chothromas ó thréimhse mhodhnaithe an chothromais agus tomhaistear athrú absalóideach an luacha cothromais mar thoradh ar athrú comhthreomhar bonnphointe 1 (0.01%) an chuar toraidh.</p> <p>Is é an túsphointe leithdháileadh gach sreabhadh airgid ionstraimí atá íogair do ráta úis i dtréimhsí ama. I ndáil</p>	Riosca bearna (riosca comhthreomhar amháin)	<ul style="list-style-type: none"> Ní bhaineann an mhéadracht seo ach le hathruithe imeallacha ar an gcuar toraidh. Má tá dronnachtaí i gceist, d’fheadfaí éifeachtaí na ngluaiseachtaí ráta úis níos mó a ghanmheas. Ní bhaineann an mhéadracht seo ach le hathruithe comhthreomhara ar an gcuar toraidh. Ní thomhaistear an riosca roghanna agus cuirtear riosca

Samhaltú sreabhaidh airgid	Méadracht	Cur síos	Rioscaí gafa	Srianta na méadrachta
		<p>le gach cineál ionstraime, roghnaítear cuar toraidh oiriúnach. Ríomhtar tréimhse mhodhnaithe gach ionstraime bunaithe ar an athrú ar a glanluach reatha mar gheall ar athrú comhthreomhar 1 phointe céatadáin sa chuar toraidh. Cinntear go bhfuil tréimhse mhodhnaithe an chothromais cothrom le tréimhse mhodhnaithe na sócmhainní méadaithe faoi shócmhainní arna roinnt ar an gcothromas lúide tréimhse mhodhnaithe na ndliteanas méadaithe faoi dhliteanas roinnte ar chothromas.</p> <p>Cinntear PV01 de chothromas trí thréimhse mhodhnaithe an chothromais a mhéadú ar luach an chothromais (i.e., sócmhainní lúide dliteanas) agus iad a roinnt ar 10 000 chun teacht ar an athrú luacha atá luaite le gach bonnphointe.</p>		boinn san áireamh i bpáirt uaireanta.
	<ul style="list-style-type: none"> •Tréimhse mhodhnaithe pháirteach/PV01 páirteach 	<p>Ríomhtar tréimhse mhodhnaithe pháirteach ionstraime le haghaidh tréimhse ama shonraigh mar an tréimhse mhodhnaithe thuas, seachas nach bhfuil an cuar toraidh iomlán athraithe go comhthreomhar, díreach an chuid den chuar toraidh atá ag comhfhreagairt don tréimhse ama. Léirítear sna bearta páirteacha seo íogaireacht mhargadhluach an leabhair baincéireachta d'athrú imeallacht an chuar toraidh i gcodanna aibíochta áirithe. Is féidir athrú difriúil a chur i bhfeidhm i ndáil le gach beart páirteach tréimhse ama, ionas gur féidir éifeacht athraithe chruth an chuar toraidh a ríomh don phunann iomlán.</p>	Riosca bearna (riosca comhthreomhar agus neamh-chomhthreomhar)	<ul style="list-style-type: none"> • Ní bhaineann an mhéadracht seo ach le hathruithe ar rátaí úis imeallacha. Má tá dronnacht i gceist, d'fheadfaí éifeacht na ngluaiseachtaí ráta úis níos mó a ghanmheas. • Teipeann air riosca boinn agus roghanna a thomhas.
<p>Sreafaí airgid atá coinníollach i bpáirt nó go hiomlán ar chás an ráta úis</p>	<p>Bunaithe ar Ghlanioncam Úis: Béim ar chomhpháirt an ghlanioncainm úis (NII):</p>	<p>Is méadracht bunaithe ar thuilleamh é an t-athrú ar NII agus tomhaiseann sé an t-athrú ar ghlanioncam úis thar thréimhse ama áirithe (1 bhliain-5 bliana de ghnáth) mar thoradh ar ghluaiseacht ráta úis tobann nó de réir a chéile.</p>	Riosca bearna (comhthreomhar agus neamh-chomhthreomhar), riosca boinn agus, ar an	<ul style="list-style-type: none"> • Íogaireacht an toraidh do thoimhdí samhaltaithe agus iompraíochta. • Castacht.

Samhaltú sreabhaidh airgid	Méadracht	Cur síos	Rioscaí gafa	Srianta na méadrachta
(glactar leis go samhlaítear <i>uainiú</i> sreafaí airgid roghanna, ionstraimí a bhfuil roghanna sainráite leabaithe luaithe leo agus – agus i gcomhthéacs cur chuige níos casta – ionstraimí a mbraitheann a n-aibíocht ar iompar cliant, ar bhonn coinníollach bunaithe ar chás an ráta úis)	•Athrú NII	<p>Is é an túsphointe gach sreabhadh airgid a bhaineann le hionstraimí atá íogair do ráta úis a mhapáil chuig tréimhsí ama (gráinneach) (nó úsáid a bhaint as dáta athphraghsála beachta suíomhanna aonair i gcórais níos casta).</p> <p>Léirítear i gcás bunúsach na ríomhanna plean corparáideach reatha na hinstiúide chun léargas a thabhairt ar líon, dátaí praghsála agus athphraghsála idirbheart gnó amach anseo. Díorthaítear na rátaí úis a úsáidtear chun sreafaí airgid sa todhchaí a ríomh sa chás bunúsach ó réamhrátaí, raonta difríochta oiriúnacha nó rátaí margaidh ionchais d'ionstraimí difriúla.</p> <p>Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar na cineálacha athruithe NII a d'fhéadfadh a bheith i gceist, úsáideann bainc toimhdí agus samhlacha chun conair na rátaí úis a thuar, mar aon le haibíocht na sócmhainní, dliteanas agus míreanna reatha lasmuigh den chlár comhardaithe, agus an méid a d'fhéadfaí a chur ina n-áit.</p> <p>Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir méadracht bunaithe ar ghlanioncam úis bunaithe ar chastacht na sreafaí airgid todhchaí réamh-mheasta: glactar leis i <i>samhlacha cailteanais simplí</i> go dtéann sócmhainní agus dliteanais reatha in aibíocht gan aon rud a chur ina n-áit; glactar leis i <i>samhlacha de chlár comhardaithe tairiseach</i> go gcuirtear ionstraimí inchomparáide in áit sócmhainní agus dliteanais atá ag dul in aibíocht; agus léirítear sna <i>samhlacha sreabhaidh airgid is casta agus is dinimiciúla</i> freagairtí gnó do thimpeallachtaí difriúla</p>	gcoinníoll go mbraitheann <i>gach</i> sreabhadh airgid ar chás samhaltaithe, riosca roghanna freisin	

Samhaltú sreabhaidh airgid	Méadracht	Cur síos	Rioscaí gafa	Srianta na méadrachta
	<p>Luach eacnamaíoch: Béim ar luach eacnamaíoch cothromais (EVE)</p> <ul style="list-style-type: none"> • Athrú ar EVE 	<p>ráta úis chomh fada is a bhaineann le méid agus comhdhéanamh an leabhair baincéireachta.</p> <p>Is féidir gach méadracht atá bunaithe ar thuilleamh a úsáid in anailís ar chás nó in anailís stocastach. Is sampla d'anailís stocastach é tuilleamh faoi riosca (EaR), a thomhaiseann an t-athrú uasta NII ag leibhéal muiníne ar leith.</p> <p>Is ionann an t-athrú ar EVE agus an t-athrú ar ghlanluach reatha gach sreabhadh airgid atá ag eascairt as sócmhainní leabhar baincéireachta, dliteanais agus míreanna lasmuigh den chlár comhardaithe ag eascairt as athruithe ar rátaí úis, ag glacadh leis go bhfuil cailteanas luaite le gach suíomh an leabhair baincéireachta.</p> <p>Is féidir le ΔEVE riosca ráta úis a mheas le haghaidh cásanna sonracha ráta úis nó trí ΔEVE a dháileadh trí úsáid a bhaint as ionsamhlúcháin Monte Carlo nó ionsamhlúcháin stairiúla. Is sampla d'ionsamhlúcháin stairiúla é luach eacnamaíoch faoi riosca (EVaR), a thomhaiseann an t-athrú uasta ar luach cothromais le haghaidh leibhéal muiníne ar leith.</p>	<p>Riosca bearna (comhthreomhar agus neamh-chomhthreomhar), riosca boinn agus, ar an gcoinníoll go mbraitheann <i>gach</i> sreabhadh airgid ar chás samhaltaithe, riosca roghanna freisin</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Íogaireacht an toraidh do thiomhdí samhaltaithe agus iompraíochta. • B'fhéidir go dteipfeadh ar mhéadracht stocastach, a chuireann toimhde dáileacháin i bhfeidhm, rioscaí iarmharacha agus neamhlíneachtaí a ghabháil. • Tá go leor ríomhanna le déanamh ar chuid d'athluacháil iomlán ar chuir chuige Monte Carlo agus d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair iad a thuiscint ('algartamach'). • Castacht.

Iarscríbhinn II – Maitrís chastachta chun IRRBB a thomhas

Ba cheart d'institiúidí an leibhéal castachta atá luaite lena mbearta riosca sa tábla thíos atá ag comhfhreagairt dá gcatagóirí faoi Threoirlínte SREP a chur i bhfeidhm. Sa chás go bhfuil castacht nó raon feidhme shamhail ghnó na hinstiúide suntasach, d'ainneoin a méid, ba cheart don institiúid, bearta riosca a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme a chomhfhreagraíonn dá samhail ghnó shonrach agus ina gcuimsítear na híogaireachtaí ar fad go cuí. Ba cheart gach íogaireacht ábhartha a bhaineann leis na hathruithe ar ráta úis a ghabháil go cuí, lena n-áirítear íogaireacht do thiomhdí iompraíochta.

Ba cheart d'institiúidí a thairgeann táirgí airgeadais a bhfuil roghnaíochtaí leabaithe iontu córais tomhais a úsáid atá in ann spleáchas roghanna ar athruithe ráta úis a ghabháil go cuí. Ba cheart d'institiúidí a sholáthraíonn roghnaíochtaí iompraíochta do chliant úsáid a bhaint as cur chuige samhaltaithe sreabhadh airgid choinníollaigh chun IRRBB a chainníochtú chomh fada is a bhaineann le hathruithe ar iompar cliant a d'fhéadfadh tarlú faoi chásanna difriúla struis a bhaineann le ráta úis.

Léirítear sna ceithre chatagóir dá dtagraítear dóibh sa tábla castachta thíos catagóirí na n-institiúidí atá sonraithe i dTreoirlínte SREP an ÚBE. Léirítear sna catagóirí difriúla méid, struchtúr agus nádúr, raon agus castacht gníomhaíochtaí institiúidí; agus comhfhreagraíonn Catagóir 1 do na hinstiúidí is casta.

Méadracht agus samhaltú IRRBB

Ionchais tháscacha mhaoirseachta maidir le méadracht agus samhaltú IRRBB ag brath ar chatagóir chastachta na hinstiúide

Samhaltú sreabhaidh airgid	Méadracht	Institiúid Chatagóir 4	Institiúidí Chatagóir 3	Institiúidí Chatagóir 2	Institiúidí Chatagóir 1
<p>Sreafaí airgid neamhchoinníollacha (glactar leis go bhfuil uainiú sreafaí airgid neamhspleách ar an gcás sonracha a bhaineann le ráta úis)</p>	<p>Bunaithe ar Ghlanioncam Úis: Anailís ar bhearnaí: • Bearna athphraghsála</p>	<p>Tréimhsí ama molta i gCaighdeán Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht 'Prionsabail do Bhainistíocht agus Maoirseacht Riosca an Ráta Úis sa leabhar baincéireachta' ó Chaighdeán BCBS Aibreán 2016.</p>			<p><i>[Tá an bhearna bunaithe ar mhéid agus comhdhéanamh athraitheach an leabhair baincéireachta mar gheall ar fhreagairtí gnó do thimpeallachtaí difriúla ráta úis. Lena n-áirítear corrlaigh thráchtála réamh-mheasta atá comhsheasmhach le cás an ráta úis (féach rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB).]</i></p>
	<p>Luach eacnamaíoch: Anailís ar an tréimhse ama: • Tréimhse mhodhnaithe/PV01 de chothromas • Tréimhse mhodhnaithe pháirteach/PV01 páirteach</p>	<p>Tréimhsí ama molta i gCaighdeán BCBS. Turraingí caighdeánacha a chur i bhfeidhm. Samhail an chuid toraidh le héirimí atá ag comhfhreagairt do na tréimhsí ama.</p>	<p>Tréimhsí ama molta i gCaighdeán BCBS, cur i bhfeidhm ualúcháin pháirteacha tréimhse ama. Cur i bhfeidhm turraingí caighdeánacha agus cásanna eile turrainge agus struis ráta úis (féach rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB). Samhail an chuid toraidh le héirimí atá ag comhfhreagairt do na tréimhsí ama.</p>	<p><i>[Tréimhse ama pháirteach ríofa don chineál ionstraime agus tréimhse ama. Cur i bhfeidhm cásanna caighdeánacha agus cásanna eile turrainge agus struis ráta úis (féach rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB). Samhail an chuid toraidh le héirimí atá ag comhfhreagairt do na tréimhsí ama.]</i></p>	<p><i>[Tréimhse ama pháirteach ríofa don idirbheart agus tréimhse ama. Cur i bhfeidhm cásanna caighdeánacha agus cásanna eile turrainge agus struis ráta úis (féach rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB). Samhail an chuid toraidh le héirimí atá ag comhfhreagairt do na tréimhsí ama.]</i></p>

Méadracht agus samhaltú IRRBB

Ionchais tháscacha mhaoirseachta maidir le méadracht agus samhaltú IRRBB ag brath ar chatagóir chastachta na hinstiúide

<p>Sreafaí airgid atá coinníollach i bpáirt nó go hiomlán ar chás an ráta úis (tá <i>uainiú</i> sreafaí airgid roghanna, ionstraimí a bhfuil roghanna sainráite leabaithe luaite leo agus – agus i gcomhthéacs cur chuige níos casta – ionstraimí a mbraitheann a n-aibíocht ar iompar cliant, ar bhonn coinníollach bunaithe ar chás an ráta úis)</p>	<p><u>Bunaithe ar Ghlanioncam</u> Úis: •Glanioncam úis (NII)</p>	<p>Turraingí caighdeánacha curtha i bhfeidhm ar thuilleamh i gclár ar thurraing agus struis comhardaithe tairiseach. Bunaithe ar thréimhsí ama atá molta i gCaighdeáin BCBS.</p>	<p>Cásanna caighdeánacha agus eile bunaithe ar thurraing agus struis ráta úis don chuar toraidh (féach <i>rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB</i>) curtha i bhfeidhm ar thuilleamh, ina léirítear toimhdí an chláir comhardaithe thairisigh nó simplí maidir le forbairt an ghnó amach anseo.</p>	<p>Cásanna caighdeánacha agus eile bunaithe ar thurraing agus struis ráta úis don chuar toraidh agus idir príomhrátaí margaidh ina n-aonar (<i>féach rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB</i>) curtha i bhfeidhm ar thuilleamh atá réamh-mheasta sa phlean gnó nó sa chlár comhardaithe tairiseach. Lena n-áirítear corrlaigh thráchtála réamh-mheasta atá comhsheasmhach le chás an ráta úis (<i>féach rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB</i>).</p>	<p>Cásanna cuimsitheacha ráta úis agus struis, ina gcuimsítear athruithe ar chuartha toraidh agus athruithe ar raonta difríochta boinn agus creidmheasa, mar aon le hathruithe ar iompar custaiméirí, curtha i bhfeidhm ar thoirteanna agus tuilleamh gnó réamhaisnéisithe chun an difríocht a thomhas i gcomparáid leis an bplean gnó bunúsach. Lena n-áirítear corrlaigh thráchtála réamh-mheasta atá comhsheasmhach le chás an ráta úis (<i>féach rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB</i>).</p>
<p><u>Luach eacnamaíoch:</u> •Luach eacnamaíoch cothromais (EVE)</p>		<p>Cuir i bhfeidhm cásanna caighdeánacha agus eile bunaithe ar thurraing agus struis ráta úis don chuar toraidh (<i>féach rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB</i>), trí úsáid a bhaint as tréimhsí ama atá molta i gCaighdeáin BCBS; éirimí an chuar toraidh atá ag comfhreagairt do na tréimhsí ama.</p>	<p>An beart arna ríomh bunaithe ar idirbheart nó sreabhadh airgid. Cur i bhfeidhm cásanna caighdeánacha agus eile bunaithe ar thurraing agus struis ráta úis don chuar toraidh agus idir príomhrátaí margaidh</p>	<p>Cásanna cuimsitheacha ráta úis agus struis, ina gcuimsítear athruithe ar chuar toraidh agus athruithe ar raonta difríochta boinn agus creidmheasa, mar aon le hathruithe ar iompar custaiméirí. Éirimí oiriúnacha i ngach cuar</p>	

Méadracht agus samhaltú IRRBB

Ionchais tháscacha mhaoirseachta maidir le méadracht agus samhaltú IRRBB ag brath ar chatagóir chastachta na hinstitiúide

ina n-aonar (*féach rannóg 4.3 maidir le tomhas IRRBB*). Éirimí oiriúnacha i gcuair toraidh. Luach iomlán ar roghnaíocht.

toraidh. Luach iomlán ar roghnaíocht. lonsamhlúcháin Monte Carlo nó stairiúla bunaithe ar phunanna lena mbaineann roghnaíocht ábhartha ag cur leis an anailís ar chásanna.

Nuashonrú laethúil fachtóirí riosca.
